# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *
25 Meán Fómhair 2018

An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí


Clár

I *Rúin, moltaí agus tuairimí*

RÚIN

**Tionól Parlaiminteach *Euronest***


Rún ó Thionól Parlaiminteach *Euronest* maidir le dúshláin slándála i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir agus le ról an Aontais Eorpaigh a fheabhsú chun dul i ngleic leo ........ 1

Rún ó Thionól Parlaiminteach *Euronest* maidir leis an infheistíocht dhíreach choigríche i mBallstáit an Aontais agus i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir ........ 8

Rún ó Thionól Parlaiminteach *Euronest* maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a fhorbairt agus le hinbhuanaitheacht fuinnimh in AE agus i measc Chomhpháirtithe Chomhpháirtíocht an Oirthir 12

Rún ó Thionól Parlaiminteach *Euronest* maidir le dul i ngleic le saothar neamhfhoirmiúil agus neamhdhearbhaithe agus an tslándáil shóisialta d'fhostaithe san Aontas Eorpach agus i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir a fheabhsú ........ 19

Rún ó Thionól Parlaiminteach Euronest maidir leis na príosúnaigh pholaitiúla ón Úcráin sa Rúis, go sonrach Oleg Sentsov ........ 24

Rún ó Thionól Parlaiminteach *Euronest* maidir le dlús a chur le Comhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit de pháirt amháin, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile a dhaingniú i bparlaimintí náisiúnta an Aontais Eorpaigh ........ 26

Rún ó Thionól Parlaiminteach *Euronest* maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil AE tar éis 2020 agus samhail Chomhpháirtíocht an Oirthir+ a fhorbairt ........ 27


GA


Faoin tagairt C 343 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

I

*(Rúin, moltaí agus tuairimí)*

# RÚIN

# TIONÓL PARLAIMINTEACH *EURONEST*

**Rún ó Thionól Parlaiminteach *Euronest* maidir le dúshláin slándála i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir agus le ról an Aontais Eorpaigh a fheabhsú chun dul i ngleic leo**

(2018/C 343/01)

TÁ TIONÓL PARLAIMINTEACH *EURONEST,*

— ag féachaint do Ghníomh Bunaíochta Thionól Parlaiminteach *Euronest* an 3 Bealtaine 2011,

— ag féachaint don Dearbhú Comhpháirteach ó Chruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir an 24 Samhain 2017 sa Bhruiséil, agus dá dhearbhuithe roimhe sin,

— ag féachaint don Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála AE ó Mheitheamh 2016 dar teideal "Fís chomhroinnte, comhghníomhaíochtaí: Eoraip níos láidre",

— ag féachaint do Dhoiciméad Inmheánach Oibre Comhpháirteach an Choimisiúin Eorpaigh agus na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí an 9 Meitheamh 2017 dar teideal "Comhpháirtíocht an Oirthir — 20 sprioc insoláthartha don bhliain 2020: Ag díriú ar phríomhthosaíochtaí agus torthaí nithiúla", (SWD(2017)0300),

— ag féachaint do thuarascáil chomhpháirteach an 18 Bealtaine 2017 ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha maidir le Cur chun feidhme an Athbhreithnithe ar Bheartas Comharsanachta na hEorpa (JOIN(2017)0018),

— ag féachaint don Mholadh ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Samhain 2017 don Chomhairle, don Choimisiún agus do SEGS maidir le Comhpháirtíocht an Oirthir, sa tréimhse roimh Chruinniú Mullaigh mhí na Samhna 2017 ([1]),

— ag féachaint don Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Samhain 2016 maidir le cumarsáid straitéiseach AE chun gníomhú in aghaidh bolscaireacht a dhéanann tríú páirtithe ina choinne ([2]),

— ag féachaint don Rún dépháirteach ó Pharlaimint na Seoirsia an 21 Márta 2018 maidir le sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Abcáis faoi fhorghabháil agus i gCeantar Tskhinvali faoi fhorghabháil, agus maidir le liosta Otkhozoria-Tatunashvili,

— ag féachaint do chonclúidí an séú cruinniú mullaigh de chuid Thionól Parlaiminteach *Euronest* a bhí ar siúl i gCív an 31 Deireadh Fómhair agus an 1 Samhain 2017, go háirithe i ndáil le saincheist na cibearshlándála;

A. de bhrí go bhfuil leas bunriachtanach comhchoiteann ag AE agus ag Comhpháirtithe Chomhpháirtíocht an Oirthir síocháin agus slándáil san Eoraip a áirithiú mar réamhchoinníoll phríomha dá gcobhsaíocht, dá rathúnas agus dá bhforbairt;

B. de bhrí go bhfuil urraim do riail agus smacht idirnáisiúnta, do cheannasacht agus bunluachanna an daonlathais, don smacht reachta agus do chearta an duine agus saoirsí bunúsacha, chomh maith le comhlíonadh na luachanna sin, riachtanach le haghaidh slándáil inmheánach, cobhsaíocht agus síocháin san Aontas Eorpach agus do Chomhpháirtithe Chomhpháirtíocht an Oirthir;

([1]) Téacsanna a glacadh, P8_TA(2017)0440.
([2]) IO C 224, 27.6.2018, lch. 58.

C. de bhrí go bhfuil Comhpháirtíocht an Oirthir ag saothrú na gcuspóirí comhchoiteanna de chobhsaíocht, neartú muiníne agus comhar, tacú le hathchóirithe daonlathacha agus institiúidí daonlathacha a neartú, dea-chaidreamh comharsanachta, réiteach coinbhleachtaí agus comhar réigiúnach ar bhonn síochánta, teagmhálacha duine le duine a fheabhsú agus borradh a chur faoi thrádáil, chun go dtiocfaidh feabhas ar idirphlé agus ar chomhlachas polaitiúil, agus chomh maith leis sin ar chomhar agus ar chomhtháthú eacnamaíoch; de bhrí gurb amhlaidh, in éineacht le prionsabal na difreála, go dtugtar deis do gach tír chomhpháirtíochta, feabhas a chur ar a gcaidreamh polaitiúil agus eacnamaíoch leis an Aontas Eorpach, sa mhéid go gcomhfhreagraíonn sé lena uaillmhian; de bhrí gur féidir le haon stát Eorpach iarratas a dhéanamh chun bheith ina chomhalta den Aontas Eorpach, de bhun Airteagal 49 de Chonradh an Aontais Eorpaigh (CAE) agus i gcomhréir le Dearbhú na Róimhe an 25 Márta 2017, ar choinníoll go gcloíonn sé le critéir Chóbanhávan agus le prionsabail an daonlathais, go n-urramaíonn sé saoirsí bunúsacha agus cearta an duine, lena n-áirítear cearta mionlach, agus go gcuireann sé an smacht reachta chun cinn;

D. de bhrí gur cheart do chomhpháirtithe Chomhpháirtíocht an Oirthir mar stáit cheannasacha treo a mbeartas eachtrach agus slándála a chinneadh go neamhshrianta, de réir mar a cheanglaítear faoin dlí idirnáisiúnta, gan brú seachtrach nó an riosca go mbeidís neamhchosanta ar bhearta díoltais mhíleata nó eacnamaíocha;

E. de bhrí gurb amhlaidh, ag Cruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir 2017 sa Bhruiséil, gur leag na rannpháirtithe béim ar ról Chomhpháirtíocht an Oirthir athléimneacht stáit, eacnamaíoch agus sochaíoch i gcomharsanacht an Aontais Eorpaigh a neartú, mar a léirítear freisin sa Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála AE agus san athbhreithniú ar Bheartas Comharsanachta na hEorpa;

F. de bhrí gur gnéithe tábhachtacha iad dea-rialachas agus dul chun cinn i dtreo daonlathais, an smachta reachta agus urraim do chearta an duine, mar aon le forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe agus laghdú bochtaineachta, chun cobhsaíocht a áirithiú, slándáil inmheánach a neartú agus athléimneacht tíortha comhpháirtíochta a threisiú, a chabhraíonn leo timpeallacht chumasúcháin a chruthú chun geilleagair níos athléimní agus níos iomaíche a fhorbairt; de bhrí go bhfuil sochaí shibhialta atá bríomhar agus neamhspleách, mar aon le meáin neamhspleácha ríthábhachtach chun sochaithe athléimneacha a chruthú;

G. de bhrí go bhfuil dúshláin slándála nach bhfacthas riamh roimhe seo, lena gcuimsítear gnáthchogaíocht agus cogaíocht hibrideach araon, antoisceachas agus radacú, cibearchoireacht, sceimhlitheoireacht agus coireacht eagraithe, tagtha chun cinn agus nach féidir iad a réiteach gan fhreagracht chomhroinnte agus comhar a bheith ann;

H. de bhrí go ndearna an tAontas Eorpach athdhearbhú ar a thiomantas maidir le cobhsaíocht agus athléimneacht a Chomhpháirtithe a chur chun cinn, agus gur chuir sé tuilleadh acmhainní ar leataobh i gcreat Bheartas Comharsanachta na Eorpa chun na críche sin; de bhrí gur chuir AE an comhrac i gcoinne na cibearchoireachta agus na héillitheachta, agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, san áireamh i measc a chuid tosaíochtaí i réimse na slándála; de bhrí go bhfuil sé fíorthábhachtach a áirithiú go gcoinnítear ionstraim airgeadais ar leith do chomharsanacht sa chreat airgeadais ilbhliantúil i ndiaidh 2020 (CAI) mar fhianaise shoiléir ar an tábhacht pholaitiúil atá ag an réigiún do AE, agus chun an tionchar fadtéarmach nithiúil atá ag athchóirithe a áirithiú;

I. de bhrí go mbraitheann saoránaigh, cuideachtaí agus lucht riaracháin go mór ar theicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide, san Aontas Eorpach agus i gComhpháirtíocht an Oirthir, agus dá bhrí sin go bhfuil siad níos leochailí i dtaobh na cibearchoireachta; de bhrí gurb amhlaidh, chun freagairt do chibeartheagmhais,go mbíonn cumaisc, saineolas, teicneolaíochtaí agus intleacht de dhíth ar chóir iad a fhorbairt i mBallstáit AE agus i gComhpháirtíocht an Oirthir; de bhrí gur léir go raibh Rialtas na Rúise freagrach as cibear-ionsaithe i gcoinne roinnt de Bhallstáit AE agus de stáit chomhpháirtíochta;

J. de bhrí go raibh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin ó mhí na Samhna 2017 maidir le saincheisteanna a d'eascair as faisnéis bhréagach a leathadh ar fud na meán traidisiúnta agus sóisialta agus maidir leis an mbealach is fearr gníomhú ina haghaidh;

K. de bhrí gurb amhlaidh, i mí Mheán Fómhair 2015, gur bhunaigh AE Tascfhórsa an Oirthir um Chumarsáid Straitéiseach (StratCom an Oirthir) mar ionstraim chun gníomhú in aghaidh bholscaireacht agus bhréagfhaisnéis na Rúise, tascfhórsa a mhaoinítear go neamhimleor fós;

L. de bhrí gurbh iad coinbhleachtaí gan réiteach a imríonn tionchar ar an Airméin, an Asarbaiseáin, an tSeoirsia, agus an Mholdóiv, agus ionsaithe míleata na Rúise in Oirthear na hÚcráine ba chúis le bás slua daoine agus is dúshlán mór i gcónaí iad d'fhorbairt agus slándáil dhaonlathach an réigiúin;

M. de bhrí gur ghin agus gur chothaigh an Rúis cuid de na coinbhleachtaí sin mar chuid dá stráitéis chun príomhról réigiúnach a ghlacadh in Oirthear na hEorpa agus ina theannta sin chun láithreacht mhíleata a úsáid le tionchar a imirt agus brú a chur ar thíortha comhpháirtíochta, a thagann salach ar a tiomantais idirnáisiúnta an dlíchóras idirnáisiúnta a urramú; de bhrí go gcoinníonn an Rúis fórsaí míleata go neamhdhleathach i gcríocha faoi fhorghabháil agus réigiúin scarúnaíocha na Seoirsia agus na Moldóive faoi seach, agus go soláthraíonn sí ceannaireacht, pearsanra agus trealamh míleata d'fhórsaí scarúnaíocha san Úcráin; de bhrí go gcoinníonn an Rúis fórsaí míleata agus méid nach beag armlóin agus trealamh míleata go neamhdhleathach i gcríoch faoi fhorghabháil agus réigiún scarúnaíoch Transnistria i bPoblacht na Moldóive, agus gur reáchtáil sí freachnaimh mhíleata i gcomhpháirtíocht le fórsaí míleata réimeas Transnistria;

N. de bhrí gur léiriú brúidiúil neamhaird ar an dlíchóras idirnáisiúnta a bhí i bhforghabháil réigiúin Sheoirseacha na hAbcáise agus Tskhinvalina/na hOiséite Theas ag Cónaidhm na Rúise i ndiaidh an chogadh Rúiseach-Seoirseach 2008, agus ionghabháil leithinis na Crimé ag Cónaidhm na Rúise sa bhliain 2014; de bhrí gur bagairt shuntasach don tslándáil réigiúnach agus uile-Eorpach é míleatú iomlán na críocha sin atá ar siúl ag na húdaráis forghabhála Rúiseacha; de bhrí go bhfuil meath le feiceáil i dtaobh chúrsaí chearta an duine sna críocha forghabhála, go mór mór marú agus céasadh polaitiúil shaoránaigh na Seoirsia agus na hÚcráine, Tataraigh na Crimé go sonrach;

O. de bhrí go dtacaíonn AE le cur chun feidhme iomlán dílis chomhaontuithe Mhionsc in Oirthear na hÚcráine agus le smachtbhannaí a ghabhann leis an gcur chun feidhme iomlán a fhadú; de bhrí go dtacaíonn AE le cinneadh na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) in Iostanbúl sa bhliain 1999 maidir le Poblacht na Moldóive agus leis an bhfeachtas síochánaíochta reatha ar abhainn an Dniester a aistriú ina mhisean sibhialta le sainordú idirnáisiúnta, agus Grúpa ESCE Mhionsc agus a gComhchathaoirligh ina gcuid iarrachtaí chun an choinbhleacht Nagorno-Karabakh a thabhairt chun deiridh agus aon ráig nua foréigin agus trodaíocht mhíleata a sheachaint; de bhrí go n-áitíonn AE go ndéanfadh Cónaidhm na Rúise comhaontú an tsosa comhraic idir an Rúis agus an Seoirsia, a ndearna AE idirghabháil air, a chur chun feidhme ina iomláine, agus go dtacaíonn sé le hIdirphlé Idirnáisiúnta na Ginéive a bunaíodh chun dul i ngleic le hiarmhairtí an chogaidh Rúisigh-Seoirsigh in 2008 ina n-úsáidtear ionstraimí réiteach coinbhleachtaí amhail comhchathaoirleacht Idirphlé Idirnáisiúnta na Ginéive, Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh a bheith i gcríocha forghabhála na Seoirsia, lántacaíocht don bheartas neamhaitheantais agus teagmhála, agus an glanadh eitneach a rinne Cónaidhm na Rúise a aisiompú;

P. de bhrí go ndéanann AE bearta a bhfuil sé mar aidhm leo na hiarrachtaí sin a chomhlánú trí ghníomhaíochtaí síochántachta agus cothaithe muiníne a chur chun cinn ar an dá thaobh den choinbhleacht, *inter alia*, trí dhea-iarrachtaí Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh do Chugas Theas, agus trí chur chun feidhme an chláir dar teideal, "An Chomhpháirtíocht Eorpach maidir le réiteach síochánta na coinbhleachta Nagorno-Karabakh" (EPNK), a bhfuil sé mar aidhm leis na sochaithe sibhialta faoi seach a thabhairt chun cóngair;

Q. de bhrí gur cúis tromchúiseach imní iad na guaiseanna a bhaineann le hábhair cheimiceacha, bhitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha (CBRN) maidir le slándáil na ndaonraí; de bhrí gur gá an t-ionsaí néarghás a rinne rialtas na Rúise ar iar-oifigeach faisnéise, Sergei Skripal, agus a iníon, Yulia Skripal, i Salisbury an 4 Márta 2018 a mheas mar bhagairt do shlándáil na hEorpa;

R. de bhrí gurb amhlaidh, le cur chuige agus diongbháilteacht níos cuimsithí agus níos ceannasaí ó AE chun dul i ngleic le Cónaidhm na Rúise d'aon ghuth agus leis na hionstraimí uile ar fáil do AE á n-úsáid, go háirithe coinníollaíochtaí agus smachtbhannaí, go bhféadfaí bearta AE a dhéanamh níos éifeachtaí ó thaobh deileáil le dúshláin slándála thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir;

***Cobhsaíocht a chur chun cinn trí rialachas daonlathach agus forbairt eacnamaíoch agus sochaíoch Chomhpháirtithe Chomhpháirtíocht an Oirthir a neartú***

1. Ag cur i bhfáth gurb iad dul chun cinn i dtreo dea-rialachas daonlathach, urraim do chearta an duine, an smacht reachta, neamhspleáchas an bhreithiúnais agus laghdú ar éilliú i measc Chomhpháirtithe Chomhpháirtíocht an Oirthir na saincheisteanna is tábhachtaí chun slándáil na gcomhpháirtithe a choinneáil agus chun leochaileachtaí sochaíocha a laghdú i gcoinne iarrachtaí éagobhsaithe inmheánacha agus seachtracha; á iarraidh ar Chomhpháirtithe Chomhpháirtíocht an Oirthir tabhairt faoi athchóirithe polaitiúla nó cinn nua a thionscnaimh ar bhonn prionsabal daonlathach agus na smachta reachta, á thabhairt dá aire go bhfuil na hathchóirithe sin bunriachtanach chun muinín na saoránach sna hinstitiúidí stáit a chothú; á iarraidh ar Chomhpháirtithe Chomhpháirtíocht an Oirthir agus ar AE, cearta cothroma a áirithiú do na saoránaigh uile, lena n-áirítear na mionlaigh náisiúnta agus a dteangacha;

2. Ag cur i bhfáth gur ríthábhachtach é urraim a léiriú ar an dea-rialachas i bhforfheidhmiú an dlí, agus in institiúidí slándála agus cosanta chun Comhpháirtithe Chomhpháirtíocht an Oirthir a chosaint ó iarrachtaí chun éagobhsaíochta; ag áitiú ar pharlaimintí na gComhpháirtithe a maoirseacht daonlathach a fheidhmiú go hiomlán i ndáil lena ngníomhartha um fhorfheidhmiú an dlí agus a seirbhísí slándála agus míleata;

3. Ag cur sé i dtreis ról chosantóirí chearta an duine, na meáin neamhspleácha agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a rannchuidíonn le próisis um dhaonlathú agus le maoirseacht phoiblí a fheidhmiú; á iarraidh ar na Comhpháirtithe a áirithiú go bhfuil cosaint láidir acu; ag áitiú ar na Comhpháirtithe breithiúnais na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine atá fós le réiteach a chur chun feidhme, go háirithe na breithiúnais sin a bhaineann le sárú Airteagal 18 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine;

4. Ag tacú le hiarrachtaí na gComhpháirtithe a bhfuil sé mar aidhm leo a ngeilleagair a fhorbairt nó a athchóiriú, fáil réidh le monaplachtaí agus comhchruinniú na húinéireachta san earnáil phríobháideach, creat cobhsaí dlíthiúil agus eacnamaíoch a ráthú, trádáil idirnáisiúnta a chur chun tosaigh agus infheisteoirí eachtracha a mhealladh chucu féin; den tuairim gur cheart do na Comhpháirtithe spreagadh nua a thabhairt d'athchóirithe eacnamaíocha chun dul i dtreo geilleagair margaidh shóisialta a fheidhmíonn go maith agus go hinbhuanaithe; ag cur i bhfáth gur gá céimeanna breise a bhreithniú chun comhtháthú réigiúnach déthaobhach agus iltaobhach a neartú idir Comhpháirtithe Chomhpháirtíocht an Oirthir, de réir mar is iomchuí, agus chun bonneagar réigiúnach a threisiú, lena n-áirítear bonneagar fuinnimh;

5. Ag spreagadh an Choimisiúin agus rialtais na gComhpháirtithe dul i mbun díospóireachta ar na féidearthachtaí maidir le cabhrú leis na Comhpháirtithe leanúint ar aghaidh ar a gconair Eorpach trí bhealaí nua a aimsiú chun chomhtháthú níos dlúithe a bhaint amach, a bhféadfadh sé, mar léiriú agus ag brath ar mhéid agus ar raon feidhme uaillmhian an Chomhpháirtí aonair, go dtiocfadh aontachas na dtíortha comhlachais le haontas custaim, aontas fuinnimh agus aontas digiteach an Aontais Eorpaigh as, i gcomhréir le leasanna comhchoiteanna;

6. Ag cur i dtreis gur cheart go mbeadh tacaíocht airgeadais AE dá Chomhpháirtithe coinníollach ar bhearta praiticiúla athchóirithe agus cur chun feidhme éifeachtach na mbeart sin, agus go leanfaidh cur chuige dreasachtbhunaithe an Aontais de leas a thabhairt do na Comhpháirtithe is páirtí sna hathchóirithe is uaillmhianaí, bunaithe ar an bprionsabal "tuilleann breis tuilleadh"; ag cur i bhfáth thairis sin gur cheart tacaíocht AE a shaincheapadh chun go bhfreastalódh sí ar leibhéal comhroinnte na huaillmhéine maidir le comhar do gach Comhpháirtí; á iarraidh ar an gCoimisiún, sa chomhthéacs sin, cláir atá tiomanta do thíortha Comhlachais a threisiú tuilleadh chun cabhair láidir a sholáthar d'athchóirithe casta na gComhpháirtithe Comhlachais, go sonrach chun tacú le hiarrachtaí maidir le comhfhogasú an dlí agus comhtháthú earnálach;

7. Ag moladh go mbainfeadh parlaiminteoirí agus státseirbhísigh ó rialtais lárnacha agus ó bhreithiúnacht na dtíortha comhpháirtithe an úsáid is fairsinge as an Ionstraim um Chúnamh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise (TAIEX) de chuid an Choimisiúin Eorpaigh le linn dóibh dlíthe náisiúnta, rialacháin agus caighdeáin cháilíochta a chur in oiriúint leis na cinn i mBallstáit AE;

***Comhar a neartú i réimse na slándála agus na cosanta***

8. Á iarraidh go ndéanfar idirphlé i réimse na slándála agus na cosanta idir AE agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus comhpháirtithe Chomhpháirtíocht an Oirthir, ar an taobh eile, a neartú i gcás inarb iomchuí, agus tuilleadh comhair i réimse an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála/an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBES/CBSC); ag fáiltiú roimh rannpháirtíocht luachbhunaithe an Aontais i roinnt mhisin CBSC, mar shampla Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia agus Misean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh chun na Moldóive agus na hÚcráine; ag fáiltiú roimh rannchuidiú na gComhpháirtithe, go háirithe an rannchuidiú ón tSeoirsia, ón Mholdóiv agus ón Úcráin, do CBSC;

9. Ag cur imní mhór in iúl maidir le húsáid airm CBRN agus rannpháirtíocht na Rúise san ionsaí ar an iar-oifigeach faisnéise, Sergei Skripal, agus a iníon, Yulia Skripal, an 4 Márta 2018; á iarraidh ar an Rúis a tiomantais i leith Choinbhinsiún um Airm Cheimiceacha 1997 a urramú, ar choinbhinsiún é a dhéanann táirgeadh, stoc-charnadh agus úsáid arm cheimiceach agus a réamhtheachtaithe a thoirmeasc; á iarraidh ar AE an comhar lena chomhpháirtithe a atreisiú chun na rioscaí a eascraíonn ó ábhair CBRN agus ó shaineolas teicneolaíochta gaolmhar a mhaolú;

***Ag dul i dtreo réiteach síochánta ar choinbhleachtaí réigiúnacha***

10. Ag athdhearbhú gurb iad ceannasacht, neamhspleáchas agus réiteach síochánta ar choinbhleachtaí príomhphrionsabail an oird Eorpaigh maidir le slándáil; ag cur i bhfáth go bhfuil réiteach na gcoinbhleachtaí in Oirthear na hEorpa riachtanach chun slándáil agus cobhsaíocht na mór-roinne ina hiomláine a fheabhsú; ag meas gur bhagairt mhór iad na coinbhleachtaí sin i gcónaí ar neamhspleáchas agus ar cheannasacht na gComhpháirtithe, ar shlándáil an réigiúin agus níos faide ná sin, agus d'fhéadfadh siad a bheith ina bfoinse éagobhsaíochta don Eoraip ar fad; ag leanúint de thacaíocht láidir a thabhairt do phrionsabal na hiomláine críochaí i dtaca leis na Comhpháirtithe laistigh dá dteorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta; ag áitiú go léiríonn na prionsabail a chumhdaítear i gCairt na Náisiún Aontaithe, in Ionstraim Chríochnaitheach Heilsincí 1975 agus Cairt Pháras 1990 de chuid ESCE bunchlocha mhór-roinn na hEorpa síochánta;

11. Den tuairim gur cheart do AE níos mó freagrachta a ghlacadh maidir le dul i ngleic le géarchéimeanna slándála ina chomharsanacht; á iarraidh go méadófar iarrachtaí ar thaobh AE de i bpróisis idirghabhála coinbhleachtaí, sna formáidí sin a bhfuil AE i láthair iontu cheana féin; ag creidiúint gur cheart go mbeadh ag AE, go háirithe ag Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, ról níos gníomhaí agus níos éifeachtaí mar ghníomhaí i réiteach coinbhleachtaí agus i gcomhdhlúthú na síochána; ag tacú go láidir le cúnamh AE do thíortha comhpháirtíochta chun a n-acmhainneacht a fheabhsú agus athléimneacht a chothú, lena n-áirítear maidir le frithsceimhlitheoireacht, cumarsáid straitéiseach, cibearchosaint, stóráil armlóin agus athchóiriú na hearnála slándála; á iarraidh go dtabharfar aird chuí ar riachtanais ag an gcaibidlíocht atá ag teacht chun cinn maidir le hionstraimí airgeadais an Aontais i ndiaidh 2020 atá dírithe ar Bheartas Comharsanachta na hEorpa;

12. Ag cáineadh bheartas seachtrach na Rúise a bhfuil sé mar aidhm leis tionchar a choinneáil i gceapadh beartas a comharsanachta, trí spreagadh agus tacaíocht a thabhairt d'údaráis *de facto* i réigiúin scarúnaíocha san Úcráin agus sa Mholdóiv agus i gcríocha faoi fhorghabháil sa tSeoirsia, agus ar an gcaoi sin, an bonn a bhaint ó athbhunú a gceannasaíochta ar na réigiúin sin agus óna n-iomláine chríochach, agus trí athfhilleadh daoine easáitithe laistigh

den tír ar bhealach atá sábháilte agus díniteach a thoirmeasc; ag meas gurb é an t-ionsaí míleata Rúiseach atá ar siúl faoi láthair in oirthear na hÚcráine an dúshlán is tábhachtaí i gcoinne na slándála san Eoraip; ag athdhearbhú a thacaíochta do chur chun feidhme iomlán chomhaontuithe Mhionsc, ach tá díomá air mar gheall ar an easpa dul chun cinn; ag tabhairt dá aire an plé atá ar siúl idir na Stáit Aontaithe agus Ionadaithe Speisialta na Rúise maidir le himscaradh féideartha feachtais síochánaíochta arna sainordú ag na Náisiúin Aontaithe in Oirthear na hÚcráine; ag tabhairt cuireadh do cheannairí Fhormáid na Normainne dul i mbun caibidlíochta ar an rogha seo agus tionscnaimh nua a ghlacadh; ag leanúint de thacaíocht a thabhairt do na hiarrachtaí uile chun teacht ar réiteach fadtéarmach síochánta a dhéanfaidh aontacht, ceannasacht agus iomláine chríoch na hÚcráine a urramú, go háirithe trí mhisean chothú na síochána agus choimeád na síochána chuig críoch iomlán na hÚcráine a chur chun úsáide — le toiliú údaráis na hÚcráine; á iarraidh go mbeadh rochtain shábháilte neamhshrianta ar fud na teorann idir an Úcráin agus an Rúis i gcomhair faireachán idirnáisiúnta;

13. Ag cur in iúl gur díol sásaimh dó gur fhan beartas AE maidir le neamhaitheantas críocha na Seoirsia agus na hÚcráine faoi fhorghabháil ag Cónaidhm na Rúise daingean diongbháilte; á iarraidh ar ghníomhaithe polaitiúla uile mar aon leo siúd ó na tíortha comhpháirtíochta gan dul i mbun aon tionscnamh a bhainfeadh an bonn ón mbeartas neamhaitheantais;

14. Ag creidiúint go bhfuil fadú smachtbhannaí i gcoinne daoine aonair agus eintiteas sa Rúis ina thoradh dosheachanta ar mhainneachtain chomhaontuithe Mhionsc a chur chun feidhme, agus ag meas i gcónaí go mbeadh a gcur chun feidhme ar gach taobh ina bhonn do réiteach inbhuanaithe polaitiúil ar an gcoinbhleacht arb é ionsaithe míleata Rúiseacha in oirthear na hÚcráine is cúis léi; ag áitiú gur cheart do AE tuilleadh smachtbhannaí arna gcur i bhfeidhm de réir a chéile a choinneáil mar rogha má leanann an Rúis uirthi ag sárú an dlí idirnáisiúnta chun díobhála a gcomharsanachta; ag cur i bhfáth go bhfuil ionghabháil leithinis na Crimé isteach i gCónaidhm na Rúise neamhdhleathach fós faoin dlí idirnáisiúnta; á iarraidh ar an gcomhphobal idirnáisiúnta forbairt a dhéanamh ar an bhformáid idirnáisiúnta caibidlíochta maidir le deireadh a chur le forghabháil na leithinse (i gcomhréir leis an rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Márta 2017 ([1])); ag cáineadh go láidir, sa chomhthéacs sin, shárú córasach chearta daonna shaoránaigh na Seoirsia atá ar siúl ag ionadaithe fhórsaí forghabhála Chónaidhm na Rúise, lena n-áirítear dúnmharú, céasadh agus fuadach na saoránach sin, agus ag an am céanna ag cur fáilte roimh ghlacadh rún dépháirteach Pharlaimint na Seoirsia an 21 Márta 2018 maidir le sáruithe tromchúiseacha chearta an duine san Abcáis faoi fhorghabháil agus i Réigiún Tskhinvali faoi fhorghabháil, agus maidir leis an liosta Otkhozoria-Tatunashvili, ar dúliosta é de dhaoine atá freagrach as sáruithe mar sin, nó as sáruithe mar sin a chuir faoi cheilt, agus á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gComhairle iadsan atá nó a bheidh ar an liosta Otkhozoria-Tatunashvili a thoirmeasc trí smachtbhannaí náisiúnta agus uile-AE;

15. Ag cáineadh shárú leanúnach chearta bunúsacha an duine, lena n-áirítear saoirse gluaiseachta agus chónaithe, agus an ceart chun maoine agus chun oideachais i dteanga dúchais duine, atá ar siúl ag údaráis *de facto* Transnistria;

16. Á iarraidh ar an Aontas Eorpach dlús a chur lena iarrachtaí taidhleoireachta in Idirphlé Idirnáisiúnta na Ginéive ar iarmhairtí na coinbhleachta idir an Rúis agus an Seoirsia, agus san fhormáid 5 + 2 don phróiseas réitigh choinbhleacht Transnistria; ag cur fáilte roimh gach iarrachta chun teacht ar réiteach síochánta coinbhleachta agus roimh thionscnaimh a bhfuil sé mar aidhm leo athmhuintearas a éascú, muinín a neartú agus cur le rannpháirtíocht na sochaithe atá deighilte de bharr coinbhleachta agus línte forghabhála trí tuilleadh deiseanna a chur ar fáil le haghaidh trádáil, oideachas agus slite beatha níos fearr;

17. Ag cáineadh atreisiú breise Chónaidhm na Rúise ar fhórsaí míleata i gcríocha forghabhála na Seoirsia, dhaingniú na líne deighilte trí fhálta de shreang dheilgneach agus bacainní saorga eile a shuiteáil, shárú leanúnach chearta bunúsacha an duine, lena n-áirítear sáruithe ar an gceart chun na beatha, ar an saoirse chun gluaiseachta agus chun cónaithe, ar an gceart chun maoine agus chun oideachais i dteanga dúchais duine, mar aon le coinneála treallaí agus fuadaigh; ag cáineadh dhúnmharú Archil Tatunashivili an 22 Feabhra 2018 in Tskhinvali agus é faoi choimeád, agus dhúnmharú shaoránach eile na Seoirsia, Giga Otkhozoria, ag líne dheighilte fhorghabháil na hAbcáise in 2016; ag cur i bhfios go bhfuil cearta na gcéadta míle duine easáitithe ina dtír féin agus teifeach chun filleadh abhaile ar bhealach atá sábhailte agus díniteach fós á gceilt, agus ag an am céanna tá Seoirsigh eithneacha ar chríocha na Seoirsia faoi fhorghabháil á n-ionsaí de bharr beartas treisithe idirdhealaithe eitnigh;

18. Á iarraidh ar Chónaidhm na Rúise aithint den neamhspleáchas réigiúin Sheoirseacha na hAbcáise agus Tskhinvalina/na hOiséite Theas, mar a thugtar air, a fhreaschur agus a hoibleagáidí idirnáisiúnta a chomhlíonadh, lena n-áirítear a hoibleagáidí faoi Chomhaontú an tSosa Comhraic idir an Rúis agus an Seoirsia, a ndearnadh AE idirghabháil air, *inter alia* trína fhórsaí míleata a aistarraingt ó chríoch na Seoirsia; ag áitiú ar Chónaidhm na Rúise rochtain gan choinníoll ar réigiúin Sheoirseacha na hAbcáise agus Tskhinvalina/na hOiséite Theasa a chur ar fáil láithreach do Mhisean Faireacháin an Aontais Eorpaigh;

19. Den tuairim gur cheart go mbeadh réiteach choinbhleacht Nagorno-Karabakh bunaithe ar an dlí idirnáisiúnta agus ar Bhunphrionsabail Chomhchathaoirligh Ghrúpa Mhionsc 2009 de chuid ESCE, atá bunaithe, ina dhiaidh sin, ar phrionsabail Ionstraim Chríochnaitheach Heilsincí; ag áitiú ar gach páirtí lena mbaineann díriú ar chaibidlíocht atá le déanamh ar an leibhéal is airde, leis an gcuspóir go saineofar treochlár de bhearta praiticiúla chun an choinbhleacht a réiteach; á iarraidh ar an dá thaobh den choinbhleacht an sos comhraic a choinneáil, an teannas ar an líne teagmhála a laghdú agus bearta neartaithe muiníne a chur chun feidhme;

---

([1]) Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Márta 2017 maidir leis na príosúnaigh Úcránacha sa Rúis agus an staid sa Chrimé, Téacsanna a glacadh, P8_TA(2017)0087.

20. Á iarraidh go mbeadh comhar níos dlúithe agus tuilleadh comhordaithe idir AE, ESCE agus Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP) maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí machaire a bhfuil sé mar aidhm leo teacht ar réitigh shíochánta ar na coinbhleachtaí in Oirthear na hEorpa;

21. Ag tabhairt faoi deara go bhfuil geilleagair chríocha na Seoirsia faoi fhorghabháil agus réigiúin scartha na Moldóive ag brath i gcónaí ar an Rúis; ag meas gur cheart do AE naisc eacnamaíocha, cultúrtha agus shóisialta a éascú idir na réigiúin sin agus idir na Comhpháirtithe lena mbaineann trí shocruithe sonracha trádála a mholadh lena gcomhlíonfaí prionsabail agus forálacha na Limistéir Dhoimhne Chuimsitheacha Saorthrádála (DCFTAnna) idir AE agus an Mholdóiv, agus idir AE agus an tSeoirsia, agus trí bhealaí a aimsiú chun iad a áirithiú i gcláir áirithe an Aontais;

22. Ag moladh iarrachtaí Pharlaimint na hEorpa ceannairí óga agus ionadaithe ENRanna ón Airméin agus ó Asarbaiseáin a thabhairt le chéile chun idirphlé a éascú, comhthuiscint a chur chun cinn agus ullmhúchán a dhéanamh chun coinbhleacht Nagorno-Karabakh a réiteach; ag meas gur cheart tionscnamh den sórt sin a reáchtáil ar bhonn rialta agus gur cheart tionscnaimh chomhchosúla a sheoladh, lena n-áirítear tionscnaimh i ndáil leis na coinbhleachtaí fadtréimhseacha sa tSeoirsia agus sa Mholdóiv;

***Bua a fháil ar chogaíocht faisnéise***

23. Ag athdhearbhú go gcáineann sé beartais threascacha na bolscaireachta, na bréagaisnéise agus insíothlúchán na meán sóisialta, a bhfuil sé mar aidhm leo an bonn a bhaint de shochaithe daonlathacha, trí mhíchlú a tharraingt ar institiúidí, mí-ionramháil a dhéanamh ar thuairim an phobail, tuairiscí bréagacha a scaipeadh, cur le teannas sóisialta agus amhras ginearálta a chothú sna meáin; ag cáineadh, sa chomhthéacs sin, na cogaíochta faisnéise a d'eagraigh an Rúis i measc a comharsan, trí eagraíochtaí meán faoi smacht an stáit a úsáid chun bréagnuacht a scaipeadh d'aon turas chun tionchar a imirt ar pholaitíocht intíre na dtíortha spriocdhírithe, toghcháin san áireamh, agus chun an bonn a bhaint de Chomhpháirtíocht an Oirthir;

24. Ag moladh iarrachtaí StratCom an Oirthir tuairiscí bréagaisnéise na Rúise a mhíniú agus a anailísiú agus feasacht a ardú ina leith; á iarraidh ar AE agus a Bhallstáit tuilleadh acmhainní daonna agus airgeadais a leithdháileadh ar an Tascfhórsa chun feabhas a chur ar a acmhainneacht sonraí a bhailiú agus a anailísiú agus saineolas a sholáthar do na comhlachtaí náisiúnta ábhartha de chuid na mBallstáit agus do na Comhpháirtithe maidir le gníomhú in aghaidh na bréagaisnéise;

25. Ag áitiú ar SEGS agus ar Thoscaireachtaí AE iarrachtaí níos fearr a dhéanamh gníomhú in aghaidh na faisnéise bréagaí i dtíortha comhpháirtíochta, trí tacaíocht a thabhairt do na meáin áitiúla, agus trí fhaisnéis fhíric-bhunaithe a thuairisciú mar fhreagairt ar na bréaga a thagann chun solais;

26. Ag tabhairt dá aire na tograí ón gCoimisiún le haghaidh tionscnaimh nua beartais chun gníomhú in aghaidh na bréagnuachta agus i gcoinne scaipeadh na bréagaisnéise ar líne i ndiaidh comhairliúchán poiblí agus Athbhreithnithe ag Saineolaithe Ardleibhéil; á iarraidh ar an gCoimisiún an t-eolas agus saineolas arna bhfáil a roinnt leis na comhlachtaí ábhartha sna tíortha comhpháirtíochta;

27. Á iarraidh ar na Comhpháirtithe bearta a ghlacadh chun gníomhú in aghaidh fheachtais bréagaisnéise na Rúise agus bholscaireachta na Rúise, trí bhearta praiticiúla beartais agus céimeanna reachtacha a ghlacadh; ag meas, sa chomhthéacs sin, gur cheart dul i ngleic leis an mbréagaisnéis ar bhealach éifeachtúil, lena ndéantar saoirse tuairimíochta a choimirciú agus cinsireacht a dhíbirt, agus ina theannta sin, saoirse na meán a chosaint agus athléimneacht na meán i gcoinne brú seachtrach a fheabhsú; á iarraidh ar AE agus a Chomhpháirtithe comhar struchtúrtha a bhunú maidir le saincheisteanna reachtacha agus rialála a bhaineann le hardáin shóisialta agus na meán, lena n-áirítear pionóis faoin dlí coiriúil a chur ar an gcleachtas bréagaisnéise agus déantóirí an chleachtais sin; ag meas, sa chomhthéacs sin, gur cheart go ndíreofar na pionóis sin ar ardáin ar a gcraoltar ábhar fuathchainte agus ar urraitheoirí na n-ardán sin mar thosaíocht;

28. Ag moladh go bhforchuirfear smachtbhannaí nua ar olagarcaí Rúiseacha a dhéanann cistí aindleathacha a chur faoi cheilt agus a sciúradh i mBallstáit, a chabhraíonn leis an Rúis a gníomhaíochtaí frith-dhaonlathacha a dhéanamh, agus a dhéanann oibríochtaí ar luach roinnt billiún euro amhail, a ladar a chur isteach i dtoghcháin, cibear-ionsuithe, bréagnuacht agus feachtais bholscaireachta;

29. Ag áitiú ar na Comhpháirtithe cláir agus feachtais oideachais a fhorbairt a dhíríonn ar an bpobal mór, a dhéanann feasacht a mhúscailt ar chleachtais mí-ionramhála tuairimí agus ar conas eagraíochtaí meán bolscaireachta a aithint;

***Cosaint na cibearshlándála a fheabhsú***

30. Ag cur i bhfios go láidir cibear-ionsaithe mailíseacha i gcoinne córais faisnéise atá ag éirí níos ionsaithí agus níos sofaisticiúla a bhfuil sé mar aidhm acu an bonn a bhaint ó bhonneagair cumarsáide phoiblí agus phríobháideacha;

31. Ag cur fáilte roimh an bPacáiste Cibearshlándála ón gCoimisiún a glacadh an 13 Meán Fómhair 2017 a bhfuil sé mar aidhm leis athléimneacht agus freagairt i ndáil le cibearshlándáil a fheabhsú tuilleadh; ag moladh a ghné sheachtrach, lena n-áirítear a chuspóir "cibear-idirphlé" a bhunú le tíortha nach Ballstáit de chuid an Aontais iad chun comhar i ndail le cibearshlándáil a éascú; ag meas gur cheart go dtabharfar tosaíocht don "chibear-idirphlé" leis na Comhpháirtithe;

32. Ag tacú leis an gcreat le haghaidh freagairt chomhpháirteach thaidhleoireacht ón Aontas ar ghníomhaíochtaí mailíseacha — bosca uirlisí na cibearthaidhleoireachta; ag cur fáilte roimh fhorbairt Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Shlándáil Gréasán agus Faisnéise (ENISA) ag AE chun cibear-chultúr a chur chun cinn agus chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh dhigitigh a chothú, chomh maith leis an Lárionad Eorpach um Chur i gCoinne Bagairtí Hibrideacha a chruthú faoi chuimsiú chomhar AE-ECAT;

33. Ag cur fáilte roimh thionscnaimh eile ar leibhéal idirnáisiúnta, a bhfuil sé mar aidhm leo an riosca cibear-ionsaithe a laghdú agus borradh a chur faoi chibear-acmhainneacht náisiúnta, go háirithe bunú Ghrúpa Saineolaithe Rialtais na Náisiún Aontaithe maidir leis na Forbairtí i Réimse na Faisnéise agus na Teileachumarsáide i gComhthéacs na Slándála Idirnáisiúnta, agus na mBeart Tógála Muiníne (CBManna) de chuid ESCE chun "cibearthaidh-leoireacht"a chothú;

34. Ag áitiú ar AE, ar a Bhallstáit agus ar a Chomhpháirtithe athléimneacht cibearshlándála a fhorbairt, trí acmhainneacht nua a chruthú chun cibearbhagairtí a mhaolú, ionsaitheoirí féideartha a dhíspreagadh, cibearth-eagmhais agus cibear-ionsaithe a anailísiú agus infheistíocht a dhéanamh i dtaighde ar uirlisí nua cibearchosanta; ag moladh go ndéanfaidh an Coimisiún gníomhaíochtaí comhair i ndáil le cibearshlándáil a bhunú nó a fhorbairt leis na Comhpháirtithe, lena n-áirítear trí úsáid éifeachtach a bhaint as ENISA agus as an Lárionad Eorpach um Chur i gCoinne Bagairtí Hibrideacha, d'fhonn saineolas comhpháirteach, sásraí freagartha agus idir-inoibritheachta i gcás cibear-ionsaithe a fhorbairt;

35. Ag cur in iúl gur ábhar imní dó go raibh gníomhaithe áirithe Stáit, amhail an Rúis, rannpháirteach i gcibeargh-níomhaíochtaí mailíseacha lena ngabhtar do chuspóirí polaitiúla, eacnamaíocha nó slándála lena n-áirítear ionsaithe ar phríomhbhonneagar, cibear-spiaireacht, feachtais bréagaisnéise nó rochtain Idirlín a theorannú; ag cur i dtreis go bhféadfadh gur gníomhartha éagóra faoin dlí idirnáisiúnta na gníomhaíochtaí sin, agus go bhféadfadh freagairt chomhpháirteach AE eascairt as, amhail úsáid a bhaint as bosca uirlisí na cibearthaidhleoireachta;

36. Á iarraidh ar a Chomh-Uachtaráin an rún seo a chur ar aghaidh chuig Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún, Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, an Coimisinéir um Beartas Comharsanachta na hEorpa agus Caibidlíocht maidir le Méadú, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, agus rialtais agus parlaimintí Bhallstáit an Aontais agus tíortha comhpháirtíochta Oirthear na hEorpa.

**Rún ó Thionól Parlaiminteach *Euronest* maidir leis an infheistíocht dhíreach choigríche i mBallstáit an Aontais agus i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir**

(2018/C 343/02)

TÁ TIONÓL PARLAIMINTEACH *EURONEST*,

— ag féachaint do Ghníomh Bunaíochta Thionól Parlaiminteach *Euronest* an 3 Bealtaine 2011 agus don Dearbhú Comhpháirteach ó Chruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir an 24 Samhain 2017,

— ag féachaint do na Comhaontuithe Comhlachais idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, an Mholdóiv agus an Úcráin, den pháirt eile, go háirithe na Limistéir Dhoimhne Chuimsitheacha Saorthrádála (DCFTAnna),

— ag féachaint do Phlean Gníomhaíochta do 2016-2017 Chomhdháil na nÚdarás Réigiúnach agus Áitiúil do Chomhpháirtíocht an Oirthir,

— ag féachaint do na Tuarascálacha Infheistíochta Domhanda arna bhfoilsiú ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Thrádáil agus Forbairt,

— ag féachaint do bheartas infheistíochta na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta ó mhí Dheireadh Fómhair 2017 dar teideal "Infheistíocht Dhíreach Choigríche (IDC) i bhfigiúirí",

— ag féachaint do Dhoiciméad Inmheánach Oibre Comhpháirteach an Choimisiúin Eorpaigh agus na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí an 9 Meitheamh 2017 dar teideal "Comhpháirtíocht an Oirthir — 20 sprioc insoláthartha don bhliain 2020 — Ag díriú ar phríomhthosaíochtaí agus torthaí nithiúla",

— ag féachaint don Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht Chuimsitheach Fheabhsaithe idir an tAontas agus an Airméin a síníodh i mí na Samhna 2017 sa Bhruiséil,

— ag féachaint do Bheartas Athbhreithnithe Comharsanachta na hEorpa (BCE) 2015 agus don Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht (IEC) don tréimhse 2014-2020,

— ag féachaint do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a glacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 25 Meán Fómhair 2015,

— ag féachaint do Ráiteas Comhpháirteach Airí Gnóthaí Eachtracha Ghrúpa Visegrad maidir le Comhpháirtíocht an Oirthir, a tháinig sna sála ar thorthaí an chruinnithe a bhí acu i Vársá an 12 Aibreán 2017, ina luaitear deiseanna maidir le ballraíocht san Aontas do thíortha sin Chomhpháirtíocht an Oirthir a mbeadh spéis acu ann,

A. de bhrí gurb é is aidhm leis an gcomhar a dhéantar faoi chuimsiú Thionól Parlaiminteach *Euronest* dea-thionchar a imirt trí fhónamh mar ardán chun tuairimí a mhalartú, chun teacht ar chomhsheasaimh maidir le dúshláin dhomhanda na linne seo i ndáil leis an daonlathas, an pholaitíocht, cúrsaí eacnamaíochta, an tslándáil fuinnimh agus gnóthaí sóisialta, agus chun treisiú leis na naisc idir Comhpháirtíocht an Oirthir agus an tAontas;

B. de bhrí gur treise a bhíonn an tAontas agus na comhpháirtithe agus gur fearr a bhíonn siad in ann dul i gceann dúshláin, idir inmheánach agus sheachtrach, a bhuí leis na dlúthcheangail a chothaítear trí Chomhpháirtíocht an Oirthir; de bhrí go bhfuil Comhpháirtíocht an Oirthir bunaithe ar thiomantas do phrionsabail an dlí idirnáisiúnta agus do luachanna bunúsacha, ar a n-áirítear an daonlathas, an smacht reachta agus urraim do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha, agus freisin don gheilleagar margaidh, don fhorbairt inbhuanaithe agus don dea-rialachas; de bhrí go bhfuil Comhpháirtíocht an Oirthir tiomanta do rannpháirtíocht chuimsitheach na sochaí ina hiomláine a chur chun cinn, agus go bhfuil sí tiomanta don chuimsiú eacnamaíoch a threisiú, go háirithe an comhionannas inscne, amhail dá bhforáiltear i bPlean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis an gComhionannas Inscne;

C. de bhrí gurb amhlaidh, le linn Chruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir 2017 sa Bhruiséil, gur leag na rannpháirtithe go léir béim ar an tábhacht a ghabhann leis na Comhaontuithe Comhlachais a mhéid a bhaineann le dlús a chur leis an gcomhlachas polaitiúil leis an Aontas Eorpach agus leis an gcomhtháthú eacnamaíoch ann, agus gur dhearbhaigh siad tacaíocht an Aontais do chur chun feidhme na gComhaontuithe Comhlachais;

D. de bhrí gur cheart na Comhaontuithe Comhlachais idir an tAontas agus Comhpháirtithe an Oirthir agus an comhaontú maidir le comhpháirtíocht chuimsitheach fheabhsaithe a síníodh leis an Airméin, gur cheart iad a bhunú ar dhul chun cinn nithiúil arna dhéanamh ag rialtais Chomhpháirtíocht an Oirthir maidir leis na gealltanais i ndáil le hathchóiriú eacnamaíoch a chur chun feidhme;

E. de bhrí go nglactar leis go forleathan gur féidir leis an infheistíocht dhíreach choigríche (IDC) a bheith ríthábhachtach le haghaidh fás eacnamaíoch fadtéarmach agus gur féidir leis buntáistí iarmharta a thabhairt tríd an teicneolaíocht agus tríd an aistriú scileanna;

F. de bhrí gurb ionann seoltáin ó easaoránaigh agus sciar suntasach IDC i gcás roinnt de Chomhpháirtithe an Oirthir; de bhrí gur féidir le seoltáin a bheith ina sciar mór OTI sna tíortha sin;

G. de bhrí go bhfuil an tAontas tiomanta, faoi BCE, do thacú le forbairt eacnamaíoch a thíortha comhpháirtíochta agus d'fheabhas a chur ar mhianta agus deiseanna pobal áitiúil agus, san am céanna, béim láidir a leagan i gcónaí ar an dea-rialachas, ar an daonlathas agus ar an smacht reachta;

H. de bhrí gur féidir, le bunú an limistéir dhomhain chuimsithigh saorthrádála (DCFTA), lena gcuirtear deireadh freisin le bacainní ar IDC agus ar ghluaiseachtaí caipitil, réimse leathan buntáistí féideartha a sholáthar do na páirtithe conarthacha, ar buntáistí féideartha iad a thiocfaidh as an tsineirgíocht idir DCFTA agus an próiseas comhfhogasaithe dá bhforáiltear leis an gComhaontú Comhlachais;

I. de bhrí gur dea-shampla de bheartais neamhachrannacha i dtéarmaí comhoibriú le haontais eacnamaíocha éagsúla é an comhar a dhéantar idir an Airméin agus an tAontas Eorpach, mar aon leis an gcomhar a dhéantar idir an Airméin agus an tAontas Eacnamaíoch Eoráiseach (AEE);

J. de bhrí gurb ionann trádáil leis an Aontas agus cion nach beag de shreafaí trádála idirnáisiúnta agus de chaipiteal trádála idirnáisiúnta, agus go bhfuil geilleagair thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir ag brath ar an trádáil sin;

K. de bhrí go ndéanfaidh infheisteoirí coigríche a marana, b'fhéidir, ar an reachtaíocht atá á forbairt ag tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir i réimsí amhail cosaint an chomhshaoil agus cúrsaí saothair, agus é mar chuspóir acu costais a ísliú chun buntáistí iomaíocha praghais a fháil trí dhul i gceann infheistíochtaí "fánaíochta" gearrshaolacha, a chruthaíonn saincheisteanna móra fostaíochta a mhaireann ina ndiaidh; de bhrí go dtéann sé sin in éadan na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) lena dtacaíonn an tAontas agus a Bhallstáit, agus Comhpháirtithe an Oirthir; ag cur i bhfios go bhfuil gá le gníomhaíocht inbhuanaithe agus chinntitheach i gcoinne an éillithe chun go rachaidh IDC chun tairbhe na sochaí ina hiomláine;

1. Ag cur i dtreis an tábhacht straitéiseach a ghabhann le BCE mar bheartas lena gcruthaítear caidrimh ilsrathacha; ag cur i bhfios gurb é an dúshlán bunúsach atá le sárú ag BCE feabhsuithe fónta nithiúla a dhéanamh ar son shaoránaigh na dtíortha comhpháirtíochta; ag meas gur cheart beartas a bheadh níos láidre agus níos éifeachtaí a dhéanamh de BCE agus sin, *inter alia*, trí neartú a dhéanamh ar a ghnéithe dearfacha, lena n-áirítear trí bhéim níos mó a leagan ar bheartais éifeachtacha infheistíochta atá bunaithe ar dhea-chleachtas an Aontais a fhorbairt;

2. Ag creidiúint gur luachmhar i gcónaí iad cuspóirí BCE a luadh i gcéaduair, mar atá limistéar rathúnais, cobhsaíochta, slándála agus dea-chomharsanúlachta a chruthú bunaithe ar chomhluachanna agus comhphrionsabail an Aontais Eorpaigh, trí chúnamh agus dreasachtaí a thabhairt chun athchóirithe struchtúracha eacnamaíocha doimhne a dhéanamh sna tíortha comharsanachta, agus sin faoina bhfreagracht féin agus arna gcomhaontú leo, rud a fhágfaidh go bhféadfar a bheith rannpháirteach leis an Aontas ar bhonn treisithe; ag cur i bhfáth, dá bhrí sin, gur gá IDC breise a mhealladh chun forbairt eacnamaíoch a áirithiú;

3. Ag dearbhú gur cheart mealladh IDC, trédhearcacht, dea-rialachas, cuntasacht frithpháirteach agus cuimsitheacht a bheith ina bpríomhghnéithe den chur chuige nua sa chaoi go n-áiritheofaí go scaipfear buntáistí BCE ar an uile leibhéal den tsochaí sna tíortha lena mbaineann, seachas iad a dhíriú ar ghrúpaí ar leith;

4. Ag meabhrú leas comhroinnte an Aontais Eorpaigh maidir le cuidiú le tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir fás eacnamaíoch cobhsaí agus fónta a bheidh ann go fadtéarmach a shaothrú agus rialachas eacnamaíoch nua-aimseartha a bhunú, rud is féidir a bhaint amach ach geilleagair thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir a nascadh le margadh aonair an Aontais trí DCFTAnna, agus lánurraim á tabhairt do dhifreáil níos mó lena dtugtar léiriú ar an éagsúlacht i measc thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir; ag tuiscint go bhfuil IDC ríthábhachtach chun a áirithiú go dtagann borradh faoin iomaíochas agus gur cheart go dtiocfadh feabhas ar an táirgiúlacht, go gcruthófaí poist agus go mbeadh fás inbhuanaithe fadtéarmach ann mar gheall uirthi;

5. Ag cur i bhfáth go bhféadfadh comhtháthú margaidh níos doimhne idir an tAontas agus tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir rannchuidiú le fás eacnamaíoch a spreagadh san Aontas agus i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir, agus le míchothromaíochtaí eacnamaíocha réigiúnacha agus éagothromaíochtaí sóisialta idir na tíortha agus na réigiúin sin agus laistigh díobh a dhíothú agus, ar an gcaoi sin, feabhas a chur ar leas a bpobal faoi seach, toradh nach beag — go háirithe anois — tráth a bhfuil an téarnamh eacnamaíoch támáilte agus a bhfuil ag méadú ar an éagothroime shóisialta agus eacnamaíoch agus freisin ar an éagobhsaíocht gheopholaitiúil;

6. Ag cur i bhfáth gur féidir le IDC a bheith lárnach maidir leis an athrú ó bhonn sa gheilleagar a bhaint amach, ar athrú é chuig infheistíochtaí agus onnmhairithe atá táirgiúil agus inbhuanaithe; ag cur i bhfáth freisin gur féidir le IDC rannchuidiú freisin leis an mborradh is gá a chur faoin iomaíochas trí scileanna agus bonneagar nua a fhorbairt agus freisin trí mhargaí nua a oscailt le haghaidh earraí agus seirbhísí ó thíortha de chuid Chomhpháirtíocht an Oirthir agus trí rannpháirteachas na dtíortha sin i slabhraí luacha uile-Eorpacha a éascú;

7. Ag aithint, agus tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir ag athrú i treo geilleagar margaidh, gur oscail siad chun IDC a ligean isteach, ach gur teoranta an méid atá meallta acu go dtí seo; ag meas gur gá tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun timpeallacht ghnó atá cobhsaí a sholáthar agus chun go mbainfidh na tíortha sin lán a gcumas amach i réimse an smachta reachta;

8. Ag tabhairt dá aire go bhféadfadh IDC cuidiú le Comhpháirtithe an Oirthir a soláthar fuinnimh a éagsúlú agus bonneagar fuinnimh a fheabhsú agus, ar an gcaoi sin, neamhspleáchas fuinnimh agus tuilleadh éifeachtúlachta a bhaint amach;

9. Ag tabhairt dá aire gur thug tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir faoi iarrachtaí móra chun feabhas a chur ar a dtimpeallacht ghinearálta infheistíochta; ag tabhairt dá aire freisin gur ar dhá phríomhcholún a díríodh athchóirithe a rinneadh le déanaí agus a dhírítear athchóirithe atá á ndéanamh i gcónaí, eadhon ailíniú le rialacha agus rialacháin an Aontais agus tabhairt isteach dea-chleachtais idirnáisiúnta chun tacú le forbairt na hearnála príobháidí;

10. Ag aithint gur rannchuidigh cúnamh airgeadais agus teicniúil an Aontais trí ionstraimí amhail IEC agus cúnamh macra-airgeadais le timpeallacht ghnó níos fearr a chruthú i gcás Chomhpháirtithe an Oirthir agus le méideanna níos mó IDC a mhealladh;

11. Ag dearbhú nach go huathoibríoch a thagann timpeallacht atá fabhrach don infheistíocht as dlíthe maithe, agus go bhfuil tábhacht ag gabháil le cáilíocht an riaracháin phoiblí agus lena chumas na dlíthe sin a chur chun feidhme; ag meas, i ndáil leis sin, gur gá tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir; ag creidiúint go bhfuil cur chun feidhme athchóirithe ar riarachán poiblí agus ar na breithiúna, mar aon leis an gcomhrac in aghaidh an éillithe, ríthábhachtach chun barr feabhais a bhaint amach; ag meas gur gá seirbhísí sibhialta a ghairmiúlú agus luach saothair níos mó a íoc astu, agus go gcaithfear úsáid níos fearr a bhaint as saoráidí TF, oiliúint a thabhairt agus acmhainní a chuíchóiriú chun an tseirbhís phoiblí a athchóiriú; ag creidiúint gur gá béim láidir a leagan freisin ar an rialachas a fheabhsú;

12. Ag tabhairt dá aire gur féidir le tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir níos mó IDC ar luach níos airde a mhealladh ach beartais iomchuí a bheith acu; ag deimhniú go gcuideodh níos mó IDC le spriocanna forbartha náisiúnta na dtíortha agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach trí rannchuidiú le cruthú post, aistriú teicneolaíochta, cur chun cinn onnmhairiúcháin, fás inbhuanaithe agus maolú na bochtaineachta; ag tabhairt dá aire go bhfágfadh IDC ar luach níos airde go gcuirfí feabhas ar fhorbairt bonneagair, go ndéanfaí éagsúlú earnálach agus go gcuirfí feabhas ar chórais oideachais;

13. Ag cur i bhfios go bhféadfadh IDC trédhearcach a bheith lárnach maidir le laghdú a dhéanamh ar sciar agus ról an gheilleagair neamhfhoirmiúil i gComhpháirtithe an Oirthir agus, ar an gcaoi sin, chuideodh sé leis an imghabháil cánach, an choireacht eagraithe agus an t-éilliú a chomhrac;

14. Ag áitiú go bhféadfadh buntáistí a bheith ag gabháil leis an gcruthú post trí IDC, i dtéarmaí dífhostaíocht i measc na hóige a laghdú; ag creidiúint freisin go gcuideodh IDC in earnálacha ina n-éilítear saothar oilte le laghdú a dhéanamh ar líon na gcéimithe óga atá dífhostaithe nó a fhaigheann pá íseal, dá ndéanfaí é a cheangal le beartais ghníomhacha le haghaidh mhargadh an tsaothair, agus béim á leagan ar scileanna ábhartha san oideachas agus san oiliúint;

15. Ag cur i bhfáth go bhféadfadh cur chun cinn fhiontraíocht na mban a bheith ina uirlis éifeachtach chun fás eacnamaíoch a spreagadh, dífhostaíocht a laghdú, cuimsitheacht agus comhionannas inscne a chur chun cinn agus míchothromaíochtaí sóisialta a laghdú;

16. Ag dearbhú a thábhachtaí atá FBManna le haghaidh gheilleagair Chomhpháirtithe an Oirthir; ag áitiú gurb iad infheistíochtaí in FBManna is fearr a thugann deiseanna chun fás inbhuanaithe a ghiniúint, chun dífhostaíocht a chomhrac agus chun borradh a chur faoin trádáil idir tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir agus an tAontas; ag áitiú ar an Aontas agus a Bhallstáit agus ar Chomhpháirtithe an Oirthir oibriú le chéile ar mhaithe le IDC níos mó in FBManna a mhealladh i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir;

17. Ag tuiscint gur fearr freisin a bheidh tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir in ann a mbonn cánach a bhreithniú an athuair, rud a sholáthróidh cistiú chun caighdeáin mhaireachtála a fheabhsú agus, i dtrácht na haimsire, a fhágfaidh gur lú a bheidh na tíortha sin ag brath ar chúnamh idirnáisiúnta agus ar sheoltáin; ag creidiúint go ligfeadh sé sin, de réir a chéile, do thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir aghaidh a thabhairt ar chánachas a bheadh níos forásaí chun fáil réidh leis na neamhionannais i sochaithe na dtíortha sin agus chun na bearnaí sóisialta atá iontu a dhruidim;

18. Ag aithint, cé gur ceann de chuspóirí thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir é tuilleadh IDC a fháil ag brath ar shaothar oilte, gur gá do na Comhpháirtithe iarrachtaí breise a dhéanamh chun feabhas a chur ar scileanna gairmiúla áirithe i measc a bpobal féin; ag tabhairt le fios gur féidir le IDC cuidiú leis an bpróiseas sin ar bhealaí éagsúla, ach nach féidir leis teacht in ionad ról na gcóras náisiúnta oideachais chun na scileanna is gá a sholáthar le haghaidh geilleagar láidir, arb iad na rialtais atá freagrach as;

19. Á iarraidh go ndéanfaí mórinfheistíocht i mbonneagar, scileanna saothair agus forbairt eacnamaíoch thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir, ar mó ná feabhas a chur ar acmhainneacht na n-earnálacha poiblí nó príobháideacha áitiúla atá i gceist leis;

20. Ag áitiú ar údaráis Chomhpháirtithe an Oirthir sraith dreasachtaí a fhorbairt le haghaidh cruthú post chun IDC a mhealladh, agus é mar chuspóir méadú suntasach a dhéanamh ar ualach na hearnála príobháidí i nginiúint post;

21. Ag áitiú go ndéanfaí tosaíochtaí agus cuspóirí straitéiseacha don ghearrthéarma, don mheántéarma agus don fhadtéarma a shainiú, agus é á chur san áireamh gur cheart a bheith mar aidhm le BCE cur chuige difreáilte a chruthú chun mealladh infheistíochta a chur chun cinn; ag cur i bhfáth gur cheart don Aontas, agus a chur chuige á shainiú aige, féachaint ar a chuid leasanna agus tosaíochtaí agus ar leasanna agus tosaíochtaí na dtíortha aonair lena mbaineann, in éineacht le leibhéal a bhforbartha, agus aird á tabhairt ar leasanna agus mianta a sochaithe, ar a n-uaillmhian pholaitiúil agus ar an timpeallacht gheopholaitiúil;

22. Ag áitiú ar an Aontas, a mhéid a bhaineann lena chaidreamh le Comhpháirtithe an Oirthir, díriú, i gcás inar gá, ar leasanna comhroinnte agus buntáistí sonracha, go háirithe ar fhorbairt eacnamaíoch agus ar mhealladh IDC; ag áitiú ar an Aontas freisin cuidiú le tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir dlús a chur leis an obair atá á déanamh chun a mbeartas tionsclaíoch a athchóiriú, rud a d'fhéadfadh an aistriú chuig geilleagar iomaíoch atá bunaithe ar eolas a chinneadh;

23. Á iarraidh ar údaráis thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir atá comhlachaithe leis an Aontas agus orthu siúd a bhfuil comhaontuithe maidir le comhpháirtíocht chuimsitheach fheabhsaithe leis an Aontas sínithe acu, dlús a chur le comhfhogasú a gcuid reachtaíochta le reachtaíocht an Aontais maidir le feabhas a chur ar thimpeallacht na hinfheistíochta, mar a leagtar síos ina gcomhaontuithe faoi seach;

24. Á iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach méadú a dhéanamh ar an tacaíocht agus an cúnamh a thugann sé chun críche forbairt acmhainní do Chomhpháirtithe sin an Oirthir a bhfuil bearta a imríonn tionchar ar thimpeallacht na hinfheistíochta á gcur chun feidhme acu;

25. Á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar údaráis na mBallstát cuidiú le Comhpháirtithe an Oirthir pleananna náisiúnta a fhorbairt chun IDC a mhealladh;

26. Á iarraidh go ndéanfaí faireachán ar cháilíocht na n-infheistíochtaí agus freisin go sainaithneofaí bearta roghnaithe infheistíochtaí fadtéarmacha agus go ndéanfaí meastóireacht orthu; á iarraidh freisin go ndéileálfaí mar ba chuí le haon torthaí achrannacha a bheadh ar fhaireachán na n-infheistíochtaí;

27. Á iarraidh ar pharlaimintí náisiúnta thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir dlús a chur leis an bpróiseas maidir le dlíthe náisiúnta eacnamaíochta a chomhchuibhiú leis an *acquis communautaire* agus tacaíonn sé leis na céimeanna a ghlac na parlaimintí náisiúnta chun athchóirithe a bhaineann le DCFTAnna a achtú trí mholtaí ábhartha a ghlacadh; ag moladh go mbunófaí meithleacha iltaobhacha agus go gcuirfí ar a gcumas cuidiú le chéile sa phróiseas maidir le comhfhogasú rialála feadh speictream iomlán *acquis* an Aontais a bhaineann le trádáil agus le hinfheistíocht;

28. Á iarraidh ar Bhallstáit an Aontais agus ar Chomhpháirtithe an Oirthir dlús a chur lena gcomhar chun an t-athrú aeráide a chomhrac, go háirithe faoi chuimsiú COP21; ag spreagadh comhair maidir le teicneolaíochtaí íseal-astaíochtaí agus atá tíosach ar acmhainní, go háirithe a n-aistriú agus a nuálaíocht sa réimse sin, chun méadú a dhéanamh ar acmhainneacht oiriúnaitheach gheilleagair na dtíortha le linn an phróisis maidir le IDC a mhealladh; ag dearbhú a thábhachtaí atá taighde agus nuálaíocht i gcoitinne chun iomaíochas, táirgiúlacht, inbhuanaitheacht agus cruthú post a fheabhsú; ag tabhairt dá aire sprioc an Aontais maidir le 3 % dá OTI a infheistiú i dtaighde agus i bhforbairt faoi 2020;

29. Ag dearbhú a thábhachtaí atá sé do Chomhpháirtithe an Oirthir go neartófaí ról na taidhleoireachta maidir le beartais agus cláir a chur chun cinn agus go ndéanfaí ceachtanna a foghlaimíodh agus dea-chleachtais a bhaineann le mealladh IDC a chomhroinnt;

30. Ag dearbhú an tábhacht atá le beartais chumarsáide, gur gá an buntáiste a ghabhann le hathchóirithe a thaispeáint do shaoránaigh thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir agus gur ga, dá bhrí sin, neartú breise a dhéanamh ar iarrachtaí cumarsáide straitéisí;

31. Ag tacú le cur chun feidhme an dea-chleachtais arna chur chun cinn ag an Aontas, ag Comhpháirtithe Chomhpháirtíocht an Oirthir agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha, ar a n-airítear institiúidí airgeadais, bainc agus deontóirí i dtíortha ar leith, chun IDC a chur chun cinn;

32. Ag spreagadh Bhallstáit an Aontais naisc dhéthaobhacha agus iltaobhacha níos láidre a fhorbairt le tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir agus páirt ghníomhach a ghlacadh maidir le cúnamh idirthréimhseach, tacaíocht theicniúil, fothú acmhainní agus comhroinnt taithí d'fhonn IDCanna a chur chun cinn agus freisin d'fhonn feasacht a mhúscailt faoi na deiseanna a thugann DCFTA;

33. Ag aithint gur dúshláin chomhroinnte iad go leor de na dúshláin atá os comhair Chomhpháirtithe an Oirthir amach; Ag spreagadh, dá bhrí sin, comhar níos láidre agus idirphlé polaitiúil réamhbhreathnaitheach idir tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir chun dul i ngleic le dúshláin chomhchoiteanna agus chun infheistíocht a spreagadh;

34. Ag áitiú go nglacfaí céimeanna chun sciúradh airgid a chosc agus chun trédhearcacht agus freagracht shóisialta a áirithiú maidir le hinfheistíochtaí coigríche;

35. Á iarraidh ar a Chomh-Uachtaráin an rún seo a chur ar aghaidh chuig Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, an Coimisiún Eorpach, Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, an Coimisinéir um Beartas Comharsanachta na hEorpa agus Caibidlíocht maidir le Méadú, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, agus rialtais agus parlaimintí Bhallstáit an Aontais agus thíortha comhpháirtíochta Oirthear na hEorpa.

**Rún ó Thionól Parlaiminteach *Euronest* maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a fhorbairt agus le hinbhuanaitheacht fuinnimh in AE agus i measc Chomhpháirtithe Chomhpháirtíocht an Oirthir**

(2018/C 343/03)

TÁ TIONÓL PARLAIMINTEACH EURONEST,

— ag féachaint do Ghníomh Bunaíochta Thionól Parlaiminteach *Euronest* an 3 Bealtaine 2011,

— ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Samhain 2016 dar teideal "Dlús a chur le Nuálaíocht an Fhuinnimh Ghlain" (COM(2016)0763),

— ag féachaint don Dearbhú Comhpháirteach ó Chruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir an 21 agus 22 Bealtaine 2015, i Ríge,

— ag féachaint do Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide ("UNFCCC") agus do Phrótacal Kyoto a ghabhann leis,

— ag féachaint do Chomhaontú Pháras agus do chinneadh 1/CP.21 ó Chomhdháil na bPáirtithe, a reáchtáladh i bPáras, ón 30 Samhain go dtí an 11 Nollaig 2015,

— ag féachaint do Chomhaontú Pháras faoi Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide arna dhaingniú ag an Aontas Eorpach, ina bhfuil tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir ina bpáirtithe freisin,

— ag féachaint do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a glacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 25 Meán Fómhair 2015, go háirithe Uimhir 7 de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe 2003, "Fuinneamh Inacmhainne agus Glan" agus Uimhir 13, "Gníomhú ar son na hAeráide",

— ag féachaint don rún ó Thionól Parlaiminteach *Euronest* an 22 Márta 2016 maidir le "Forbairt beartais i ndáil le gás ó fhoinse neamhghnách agus tionchair fhéideartha ar mhargaí fuinnimh in AE agus i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir", agus don rún an 1 Samhain maidir le "Comhar fuinnimh a neartú laistigh de Chomhpháirtíocht an Oirthir — i dtreo chur chun feidhme Chomhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide 2015",

— ag féachaint do na Comhaontuithe Comhlachais idir an tAontas Eorpach, ar thaobh amháin, agus an tSeoirsia, an Mholdóiv agus an Úcráin, ar an taobh eile, go háirithe na forálacha do chomhar maidir le fuinneamh,

— ag féachaint don Chomhaontú (Comhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe — CEPA idir AE ar thaobh amháin agus an Airméin ar an taobh eile) arna shíniú an 24 Samhain 2017 agus arna dhaingniú ag an Airméin, go háirithe na forálacha do chomhar maidir le fuinneamh,

— ag féachaint do Ráiteas Comhpháirteach Airí Gnóthaí Eachtracha Ghrúpa Visegrad maidir le Comhpháirtíocht an Oirthir, a tháinig sna sála ar thorthaí an chruinnithe a bhí acu i Vársá an 12 Aibreán 2017, ina luaitear deiseanna maidir le ballraíocht san Aontas do thíortha sin Chomhpháirtíocht an Oirthir a mbeadh spéis acu ann,

— ag féachaint don rún ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras agus Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir le hAthrú Aeráide in 2016 i Marrakech,

— ag féachaint do dhearbhú aireachta na mBallstát AE agus Chomhpháirtithe Chomhpháirtíocht an Oirthir an 18 Deireadh Fómhair 2016 maidir leis an gcomhshaol agus athrú aeráide i gComhpháirtíocht an Oirthir,

— ag féachaint do phacáiste reachtaíochta an Choimisiúin an 30 Samhain 2016 maidir le "Fuinneamh glan do gach Eorpach",

— ag féachaint do Dhoiciméad Inmheánach Oibre Comhpháirteach an Choimisiúin Eorpaigh agus na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí an 15 Nollaig 2016 maidir le "Comhpháirtíocht an Oirthir — Ag díriú ar phríomhthosaíochtaí agus spriocanna insoláthartha",

— ag féachaint do Threoir 2012/27/A maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus don athbhreithniú a rinneadh uirthi in 2016,

— ag féachaint do Threoir 2009/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoir 2001/77/CE agus Treoir 2003/30/CE,

— ag féachaint do Threoir 2010/31/AE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh agus don athbhreithniú a rinneadh uirthi in 2016,

— ag féachaint don doiciméad "Comhpháirtíocht an Oirthir — 20 sprioc insoláthartha don bhliain 2020" agus na Páipéir Straitéise Náisiúnta don Fhuinneamh ón Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhealarúis, an tSeoirsia, an Mholdóiv agus an Úcráin do na tréimhsí go dtí 2020 agus 2030,

— ag féachaint do bhunú Chomhpháirtíocht Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Comhshaoil Oirthear na hEorpa (E5P) in 2009,

— ag féachaint do bhunú Chiste Iontaobhais um Chúnamh Teicniúil do Chomhpháirtíocht an Oirthir in 2010,

— ag féachaint do bhunú Shaoráid Infheistíochta na Comharsanachta AE in 2008,

— ag féachaint don Chlár *EU4Energy*,

— ag féachaint do Thuarascáil 2017 ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh,

— ag féachaint do "Dlús a chur le tionscnaimh agus deiseanna éifeachtúlacht fuinnimh in Oirthear na hEorpa, Réigiún Cugais agus san Áis" ó Lárionad Chóbanhávan um Éifeachtúlacht Fuinnimh (2015),

— ag féachaint don "Tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme" ó Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh (2017),

A. de bhrí go bhfuil éileamh fuinnimh domhanda ag méadú ag ráta inchomparáide le méadú an daonra, gníomhaíocht an duine agus forbairt theicneolaíoch, tá borradh faoin iomaíocht dhomhanda d'acmhainní breoslaí iontaise dá réir; de bhrí go gcuireann sé sin ár n-éifeachtúlacht fuinnimh agus ár n-inbhuanaitheacht fuinnimh i mbaol;

B. de bhrí gurb ionann earnáil an iompair agus an tríú cuid de thomhaltas fuinnimh AE agus ról tábhachtach aici mar sin san athrú i dtreo réitigh fhuinnimh nua agus sochaí ísealcharbóin;

C. de bhrí gur shínigh 193 tír Comhaontú Pháras ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir le hAthrú Aeráide in 2015; de bhrí go leagtar spriocanna agus sásraí amach sa chomhaontú domhanda sin, agus go mbunaítear leis oibleagáidí náisiúnta ceangailteacha, a bhfuil sé mar aidhm leo freagairt don athrú aeráide; de bhrí gur thug AE, mar shínitheoir ar an gcomhaontú, gealltanas go ndéanfar astaíochtaí intíre gás ceaptha teasa a laghdú ar a laghad 40 % faoi 2030, i gcomparáid le 1990; de bhrí gur tháinig comhaontú Pháras i bhfeidhm an 4ú Samhain 2015; de bhrí go bhfuil gá le ciorruithe níos mó ar astaíochtaí chun spriocanna chomhaontú Pháras a chomhlíonadh;

D. de bhrí, chun laghdú suntasach ar astaíochtaí a bhaint amach, gur gá do na Páirtithe i gComhaontú Pháras dul i ngleic le déine charbóin a gcóras fuinnimh agus straitéisí uaillmhianacha a chur chun feidhme chun an t-aistriú chuig margaí íseal-charbóin i ngeilleagar domhanda a chur chun cinn;

E. de bhrí go bhfuil éifeachtúlacht fuinnimh lárnach chun córas fuinnimh sábháilte, intaofa, inacmhainne agus inbhuanaithe a áirithiú don todhchaí. Is í an t-aon acmhainn fuinnimh atá go flúirseach ag gach tír agus is é an bealach is tapúla agus is lú costas chun aghaidh a thabhairt ar shlándáil fuinnimh, agus ar dhúshláin chomhshaoil agus eacnamaíocha;

F. de bhrí go bhféadfadh éifeachtúlacht fuinnimh tacú le fás eacnamaíoch, cur le forbairt shóisialta, inbhuanaitheacht comhshaoil a chur chun cinn, slándáil an chórais fuinnimh a áirithiú agus cuidiú le saibhreas a mhéadú, le poist nua a chruthú, le hioncam cuideachtaí, le sábháil foinsí fuinnimh, le cosc ar thruailliú, le forfheidhmiú neamhspleáchais fuinnimh na stát trí thomhaltas éifeachtúil fuinnimh agus fóntais leictreacha a úsáid atá neamhdhíobhálach don chomhshaol; de bhrí gur féidir le héifeachtúlacht fuinnimh feabhsaithe cur le laghdú ar bhochtaineacht fuinnimh trí fhuinnimh a chur ar fáil ar chostas níos inacmhainne;

G. de bhrí gur chuir rannpháirtithe Chruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir in 2015 i Ríge in iúl arís go bhfuil sé i gceist acu comhar déthaobhach agus iltaobhach breise a neartú i réimse na hathraithe aeráide agus an fhuinnimh; de bhrí, i gcomhréir le hathbhreithniú na Samhna 2015 ar Bheartas Comharsanachta na hEorpa, go bhfuil níos mó airde tugtha ag AE agus Comhpháirtithe Chomhpháirtíocht an Oirthir do shlándáil fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh, inbhuanaitheacht fuinnimh agus gníomhaíochtaí ar son na haeráide;

H. de bhrí go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh méadú ar thomhaltas fuinnimh i réigiún Oirthear na hEorpa ar luas níos airde ná meán an Aontais, mar chuid de threocht ghinearálta atá ag gabháil leis an bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta sa réigiún; de bhrí go bhfuil féidearthachtaí ollmhóra fós ann don éifeachtúlacht fuinnimh;

I. de bhrí go bhfuil sé chun leasa eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil an Aontais agus thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir araon astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin a eascraíonn as úsáid breoslaí iontaise a laghdú, foinsí fuinnimh malartacha, inbhuanaithe agus costéifeachtacha a fhorbairt agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú;

J. de bhrí go bhfuil Treoracha leagtha amach ag AE chun fuinnimh slán, inbhuanaithe agus iomaíoch a bhaint amach; de bhrí go bhfuil sraith cuspóirí ag AE, eadhon laghdú 40 % a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le leibhéil 1990, agus go bhfuil sé ag sainmhíniú spriocanna i láthair na huaire chun an sciar fuinnimh in-athnuaite a úsáidtear in AE a mhéadú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú faoi ar laghad 30 % i gcomparáid leis na réamh-mheastacháin do 2030; de bhrí gur cumasóir is ea éifeachtúlacht fuinnimh don gheilleagar inbhuanaithe agus don earnáil thógála in AE agus i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir;

K. de bhrí go bhfuil dlús curtha leis an idirphlé maidir le beartas réigiúnach fuinnimh le blianta beaga anuas, lena gcumhdaítear cóineasú na margaí fuinnimh, éagsúlú soláthair agus iompar fuinnimh, forbairt ar fhoinsí inbhuanaithe fuinnimh, agus bonneagair ar leasa choitinn agus réigiúnach;

L. de bhrí go rannchuideodh bearta sábhála fuinnimh agus éifeachtúlachta fuinnimh, chomh maith le húsáid mhéadaithe foinsí in-athnuaite le laghdú ar iliomad cineál spleáchas fuinnimh, lena n-áirítear spleáchas airgeadais, teicneolaíochta nó breosla sna hearnálacha núicléacha agus iontaise, sealbhú agus úinéireacht bonneagar fuinnimh straitéisigh, agus infheistíocht i dtionscadail fuinnimh ag tríú páirtithe neamh-iontaofa in AE agus tíortha comhpháirtíochta Oirthear na hEorpa;

M. de bhrí go bhfuil tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir i mbun creataí beartais agus dlí a ghlacadh agus a chur chun feidhme maidir le foinsí in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh;

N. de bhrí in 2013 go ndeachaigh an Airméin, an tSeoirsia, agus an Mholdóiv isteach i gComhpháirtíocht Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Comhshaoil Oirthear na hEorpa (E5P) a bunaíodh san Úcráin ar dtús agus a bhfuil sé mar aidhm leis éifeachtúlacht fuinnimh agus infheistíochtaí comhshaoil a chur chun cinn i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir;

O. de bhrí go bhfuil ról suntasach fós ag institiúidí idirnáisiúnta airgeadais trí chistí agus iasachtaí náisiúnta a ghiaráil chun infheistíocht a dhéanamh in úsáid inbhuanaithe fuinnimh agus foinsí in-athnuaite a fhorbairt;

P. de bhrí gur gá do AE agus do thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir iomaíochas foriomlán a ngeilleagair agus a n-earnálacha fuinnimh a chur san áireamh agus iad i mbun beartais leordhóthanacha a mhúnlú maidir le hoibleagáidí i leith éifeachtúlacht fuinnimh a fhorchur in earnálacha tionsclaíocha, foinsí in-athnuaite a fhorbairt agus iad a chomhtháthú isteach i meascáin fuinnimh náisiúnta;

***Comhleanúnachas na ngníomhaíochtaí***

1. Ag cur in iúl gur díol sásaimh dó tuairimí Pháirtithe Chomhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide mar gur bagairt é don tsíocháin agus don chobhsaíocht, do rathúnas eacnamaíoch an domhain, do laghdú bochtaineachta agus don fhorbairt inbhuanaithe; ag cur in iúl gur díol sásaimh dó tiomantas na bPáirtithe gníomhaíochtaí comhchoiteanna a chur i gcrích chun an meánmhéadú domhanda ar an teocht a theorannú go dtí roinnt mhaith faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus chun drochthionchair aeráide shuntasacha a sheachaint;

2. Ag cur in iúl gur díol sásaimh dó tiomantas na mBallstát AE agus Chomhpháirtithe Chomhpháirtíocht an Oirthir do Chomhaontú Pháras; ag tabhairt dá aire na "Rannchuidithe Beartaithe arna gCinneadh go Náisiúnta" (INDCanna) arna dtíolacadh ag na stáit sin d'fhonn astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú; á iarraidh ar rialtais na stát sin faoi seach a INDCanna a chur in oiriúint do Chomhaontú Pháras agus do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2030 na Náisiún Aontaithe; ag tabhairt dá aire tábhacht phleananna náisiúnta maidir le fuinnimh agus athrú aeráide i bpleanáil agus comhlíonadh gealltanais a rinneadh faoi na creataí thuasluaite a áirithiú; ag cur i bhfios go bhfuil sé chun leasa choitinn thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir comhar déthaobhach agus iltaobhach a neartú i réimse an fhuinnimh, d'fhonn a gcuspóirí aeráide faoi seach a bhaint amach;

3. Ag cur in iúl gur díol sásaimh dó teachtaireacht an Choimisiúin lena leagtar amach an creat chun dlús a chur le nuálaíocht AE maidir le fuinnimh glan; ag cur i bhfios go bhfuil gá le creat rialála agus airgeadais do nuálaíocht fuinnimh atá comhréireach le treochlár fuinnimh 2050 an Aontais agus lena ghealltanais faoi Chomhaontú Pháras, agus a chothaíonn úsáid éifeachtúil agus inbhuanaithe na bhfoinsí fuinnimh uile, agus dá thoradh sin bheadh coigiltí fuinnimh agus tairbhí níos leithne ann, lena n-áirítear i réimsí maidir le sláinte, sábháilteacht, agus cáilíocht aeir agus uisce, agus ag an am céanna go ndéanfar iomaíocht tionsclaíoch, soláthar fuinnimh agus freagairt chuimsitheach ar na hábhair imní faoin gcomhshaol a áirithiú; ag aithint go bhfuil an creat chun dlús a chur le nuálaíocht AE maidir le fuinnimh glan ina chuid lárnach de shraith níos leithne tograí reachtacha atá leagtha amach sa phacáiste maidir le "Fuinneamh glan do gach Eorpach" agus gur cheart dó dá bhrí sin a ghnéithe éagsúla a athneartú; gealltanais an Aontais a rinneadh faoi Chomhaontú Pháras agus reachtaíocht agus prionsabail Aontas Fuinnimh níos leithne, go háirithe iad sin a léirítear i gcreat aeráide agus fuinnimh 2030 agus i dtreochlár 2050;

4. Ag creidiúint go mbeidh gá le hathruithe ollmhóra agus struchtúrtha i ngeilleagair agus i gcórais fuinnimh na bPáirtithe chun na spriocanna atá leagtha amach i gComhaontú Pháras a bhaint amach, lena n-áirítear athrú forchéimnitheach i dtreo meascán fuinnimh níos éagsúla, cur chun cinn foinsí fuinnimh inbhuanaithe agus feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh i ngach earnáil lena n-áirítear earnáil an iompair agus earnáil na tógála;

5. Ag treisiú a thábhachtaí atá bearta sábhála fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh do shlándáil fuinnimh AE agus, go háirithe, thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir; ag tabhairt dá aire, ar an meán, go bhfuil tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir trí huaire níos déine ó thaobh fuinnimh ná an meán Bhallstát AE, agus ag cur i bhfios gurb é laghdú an bhearna seo an bealach is éifeachtaí chun spleáchas fuinnimh thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir ar thríú tír a laghdú;

6. Ag roinnt gur dúshlán ilghnéitheach é imscaradh rathúil na nuálaíochta fuinnimh a chuimsíonn AE agus Comhpháirtithe an Oirthir; ag cur i bhfios go bhfuil gá le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara uile don dúshlán sin, saoránaigh, lucht léinn, eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta, FBManna, gnólachtaí nuathionscanta, cuideachtaí fuinnimh agus tógála, soláthróirí soghluaisteachta, soláthraithe seirbhíse, monaróirí trealaimh, cuideachtaí TF agus teileachumarsáide, institiúidí airgeadais, údaráis Aontais, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, comhphobail fuinnimh in-athnuaite, ENRanna, oideachasóirí agus ceannairí tuairimíochta; ag cur i dtreis an luach atá ar mhúnlaí gnó nua a úsáideann teicneolaíochtaí digiteacha chun, bharrfheabhsú a dhéanamh *inter alia*, ar fhéinghiniúint, stóráil, malartú agus féintomhaltas fuinnimh glan ar an láthair agus ar fhoinsí in-athnuaite a mhéadú, lena n-áirítear do theaghlaigh atá i mbochtaineacht fuinnimh;

7. Ag treisiú a thábhachtaí atá sé teicneolaíocht fuinnimh in-athuaite a fhorbairt agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú trí astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ar fud earnálacha uile an fhuinnimh, ag rannchuidiú dá bhrí sin le baint amach na ngealltanas aonar a rinne na Páirtithe do Chomhaontú Pháras; ag creidiúint go bhfuil na beartais sin ríthábhachtach don fhás eacnamaíoch agus don fhostaíocht; á iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach agus ar údaráis náisiúnta AE agus Chomhpháirtithe an Oirthir córas comhtháite comhbhearta a áitiú chun úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn; ag cur i bhfios gur cheart go n-áireofaí ar na bearta sin dreasachtaí maidir le coigiltí fuinnimh ar fud na hearnálacha eacnamaíocha uile, lena n-áirítear tógáil agus iompar; á iarraidh freisin go ndéanfaí comhtháthú ar bheartais fuinnimh in-athnuaite agus beartais éifeachtúlacht fuinnimh i ngach réimse atá ábhartha do thairgeadh, iompar, dáileadh agus stóráil fuinnimh;

8. Á iarraidh ar AE agus ar thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir comhar réigiúnach a neartú agus nuachóiriú ar a n-eangacha fuinnimh a spreagadh; ag tabhairt dá aire gur féidir é sin a dhéanamh trí fhorbairt agus cur chun cinn "eangaí cliste", chomh maith le trí bhonneagair nua idirnasctha agus trasteorann a thógáil; ag cur i bhfios gur gá é sin a chomhlánú le bearta atá dírithe ar athruithe iompair, ar choigilt fuinnimh agus ar thacaíocht do thomhaltóirí; ag tabhairt dá aire go bhfuil sé tábhachtach go ndéanfadh na bearta sin aibhsiú ar na tairbhí a bhaineann le haistriú ó bhreoslaí iontaise go fuinnimh in-athnuaite, go háirithe in earnálacha amhail téamh; ag cur i bhfios freisin an gá atá ann gréasán idirlín láidir a fhorbairt le feidhmiú mar chnámh droma chun tacú le hoibríochtaí eangach cliste, chomh maith le cibearshlándáil bonneagar criticiúil a áirithiú;

9. Ag treisiú an róil lárnaigh atá ag údaráis réigiúnacha agus áitiúla i gcur chun feidhme bearta éifeachtúlachta fuinnimh; ag cur i bhfios an gá atá ann tacaíocht a thabhairt do na húdaráis sin agus a n-inniúlachtaí agus fios gnó sa réimse seo a mhéadú; ag cur i bhfios gur gá comhpháirtíochtaí bardas a bhunú agus a chur chun cinn i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir le bardais dea-chleachtais in AE;

10. Ag treisiú go bhfuil éagsúlú foinsí fuinnimh agus bealaí soláthair, lena n-áirítear bealaí gáis sreibhe cúltreo, lárnach do shlándáil fuinnimh na mBallstát AE agus thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir agus dá gcumas tiomantais maidir le beartais éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach;

11. Ag cur i bhfios nár cheart do na bealaí nua a bheith ina gcúis le méadú ar spleáchas ar sholáthraithe gáis ceannasacha ná an bonn a bhaint de shlándáil fuinnimh réigiúnach agus straitéis Aontas Fuinnimh an Aontais Eorpaigh; ag cur i bhfios nach mór do gach cuid den bhonneagar píblíne urraim a léiriú do na rialacha agus príomhphrionsabail chomhshaoil a chumhdaítear i reachtaíocht ábhartha AE; ag cur in iúl go mbeidh tionchar diúltach ag píblíne North Stream 2 ar an bpríomhchuspóir maidir le héagsúlú an tsoláthair fuinnimh, agus dá réir go gcuirfidh sé an fhéidearthacht éiceachóras fuinnimh éifeachtúil a thógáil i mbaol;

12. Ag cur in iúl gur díol sásaimh dó oscailt agus forbairt idirnaisc agus sreafaí cúltreo, Conair Gháis an Deiscirt agus an síneadh air chun freastal ar acmhainní gáis breise ón Tuircméanastáin; agus saoráidí nua ag cumasú allmhairiú agus onnmhairiú gás nádúrtha leachtaithe, lena n-áirítear eastóscadh gás nádúrtha ó fhoinsí idir ghnáthfhoinsí agus fhoinsí neamhghnácha; ag tabhairt dá aire tábhacht an chomhair idir AE agus Comhpháirtithe Chomhpháirtíocht an Oirthir maidir le seachadtaí gáis a áirithiú, go sonrach na hacmhainní sreibhe cúltreo gás nádúrtha chuig an Úcráin ón Ungair, ón bPolainn agus ón tSlóvaic, chomh maith le chuig an Moldóiv ón Rómáin;

13. Ag cur in iúl gur díol sásaimh dó oscailt agus forbairt idirnaisc agus sreafaí cúltreo, Conair Gháis an Deiscirt agus saoráidí nua ag cumasú allmhairiú agus onnmhairiú gás nádúrtha leachtaithe, lena n-áirítear eastóscadh gás nádúrtha ó fhoinsí idir ghnáthfhoinsí agus fhoinsí neamhghnácha; ag tabhairt dá aire tábhacht an chomhair idir AE agus Comhpháirtithe Chomhpháirtíocht an Oirthir maidir le seachadtaí gáis a áirithiú, go sonrach na hacmhainní sreibhe cúltreo gás nádúrtha chuig an Úcráin ón Ungair, ón bPolainn agus ón tSlóvaic, chomh maith le chuig an Moldóiv ón Rómáin;

14. Ag tacú le beartais fuinnimh margadhbhunaithe atá bunaithe ar iomaíocht oscailte agus chóir i measc soláthróirí fuinnimh agus trédhearcacht margaidh: ag tabhairt dá aire go mbeidh cruthú margadh fuinnimh uile-Eorpach,

a bhfuil ról tábhachtach ag Comhpháirtithe an Oirthir ann, i gceist le hAontas Fuinnimh AE; ag áitiú ar an gCoimisiún agus ar údaráis náisiúnta Chomhpháirtithe an Oirthir athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar rialacha margaidh agus oiriúnaithe a mholadh dírithe ar thimpeallacht níos fabhraí a chruthú don infheistíocht i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite, ar fhreagairt do theipeanna margaidh agus ar éifeachtúlacht fuinnimh a chothú; ag cur i dtreis a thábhachtaí is atá sé dreasachtaí a chruthú chun cothrom iomaíochta a áirithiú san earnáil fhuinnimh, agus a thábhachtaí is atá sé fóirdheontais mhíréasúnta maidir le foinsí fuinnimh seanbhunaithe atá ag saobh na margaí fuinnimh a bhaint;

15. Ag cur i bhfios an gá atá ann timpeallacht gnó tharraingteach agus creat rialála cuí a áirithiú chun an earnáil phríobháideach a spreagadh chun infheistiú i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite, ina mbonneagair tharchurtha fuinnimh agus i dtrádáil cumhachta arna ghiniúint go hin-athnuaite thar teorainneacha;

16. Ag cur i dtreis an ról agus an fhéidearthacht maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh a fheabhsú agus a thábhachtaí is atá sé foirgnimh neamhéifeachtúil ó thaobh fuinnimh de in AE agus tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir a athfheistiú chun a n-éifeachtúlacht fuinnimh a uasmhéadú;

17. Á iarraidh ar údaráis na bPáirtithe atá comhlachaithe leis an Aontas dlús a chur le comhfhogasú a gcuid reachtaíochta le reachtaíocht an Aontais maidir le hathrú aeráide agus fuinneamh, atá leagtha síos sna Comhaontuithe Comhlachais; i ndáil leis sin, ag treisiú thábhacht an chomhair leis an gComhphobal Fuinnimh, an Coimisiún Eorpach agus Ballstáit AE d'fhonn réamhriachtanais dlí, institiúideacha, airgeadais, eacnamaíocha agus teicneolaíochta a chruthú lena áirithiú go ndéanfar aistriú de réir a chéile agus atá inghlactha go sóisialta i dtreo na forbartha ísealcharbóin; ag cur in iúl gur díol sásaimh dó an méadú ar an gComhphobail Fuinnimh le gairid chuig an tSeoirsia, agus ag an am céanna ag cur i bhfios an riachtanas atá ann na forálacha ballraíochta a bhaineann leis sin a chomhlíonadh go hiomlán; ag cur in iúl gur díol sásaimh dó iarratas na Bealarúise ar stádas breathnóra laistigh den eagraíocht sin;

18. Ag tabhairt dá aire go bhfuil taighde, forbairt agus infheistíocht i bhfuinnimh ghlan ag brath go háirithe ar mhargadh cobhsaí agus ar intuarthacht agus ar chinnteacht creata rialála, a éilíonn fís dhearfach fhadtéarmach atá uaillmhianach agus insoláthartha, lena n-áirítear spriocanna agus tiomantais a bhaineann le fuinneamh agus leis an aeráid, dreasachtaí spriocdhírithe marthanacha agus caipiteal cothromais foighneach chun cothrom iomaíochta a chruthú i measc teicneolaíochtaí, ag éascú nuálaíochta agus an tsoláthair fuinnimh, ag ísliú bacainní ar iontráil sa mhargadh agus á dhéanamh níos éasca do nuálaíocht fuinnimh ghlain an mhais chriticiúil is gá d'imscaradh margaidh a bhaint amach dá réir; ag cur i bhfios an gá atá ann tosaíocht níos mó a thabhairt do nuálaíocht chórasach i bhfuinneamh, chomh maith le cur chun cinn an oideachais agus na fiontraíochta os rud é nach teicneolaíocht amháin a thiomáineann an nuálaíocht; ag cur i dtreis an gá atá ann go mbeadh an cur chuige córasach seo in ann réitigh éagsúla atá ar fáil nó á bhforbairt a chomhtháthú go héifeachtach, go háirithe maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus comhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite; á iarraidh go n-úsáidfí ardáin teicneolaíochta agus nuálaíochta Eorpacha agus thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir chun cabhrú nuálaíocht fhéideartha an fhuinnimh ghlain a bhfuil tacaíocht tuillte aici a shainaithint;

19. Ag cur i dtreis go bhfuil taighde agus nuálaíocht tríd an earnáil phríobháideach, agus go háirithe trí FBManna, lárnach chun tacú le fuinneamh glan, éifeachtúlacht fuinnimh, inbhuanaitheacht fuinnimh, chun feabhas a chur ar chruthú post, ar fhás agus infheistíocht in AE agus i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir agus tacú leis na nithe sin; ag cur i bhfios an gá atá ann go gcuirfí maoiniú na FBManna in oiriúint dá riachtanais; ag meas, chun aistriú rathúil chuig geilleagar dícharbónaithe inbhuanaithe a bhainistiú, go bhfuil gá a áirithiú gur féidir le margaí saothair freagairt go leordhóthanach do na héilimh nua a bhaineann le córais nuálacha fuinnimh ghlain agus ag an am céanna ag cur san áireamh an gá atá le haistriú ceart cóir;

20. Ag creidiúint go bhféadfaí cuidiú le héifeachtúlacht fuinnimh trí fhaisnéis ábhartha a chur san áireamh i bpleananna náisiúnta comhtháthaithe maidir le fuinneamh agus leis an aeráid; ag cur i bhfios sa chomhthéacs seo a thábhachtaí is atá dea-chleachtais agus malartú faisnéise a chur chun cinn, chomh maith le sruthlíniú ar na rialacha maidir le rannpháirtíocht i gcláir nuálaíochta fuinnimh do gach eagraíocht, fiontar, ollscoil agus institiúid, ó AE agus ó thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir araon;

21. Ag cur i bhfios an gá atá ann feabhas breise a chur ar mhaoiniú comhoibriú i réimse an fhuinnimh, ach chomh maith leis sin sruthlíniú ar nuálaíocht fuinnimh sna dúshláin shochaíocha eile;

22. Is údar imní dó fós castacht na n-ionstraimí airgeadais atá ann cheana agus ag cur i bhfios an gá atá le comhchuibheas níos fearr idir na cistí ábhartha atá tiomnaithe do thionscadail fuinnimh ghlain; á iarraidh ar an gCoimisiún simpliú a dhéanamh ar rochtain agus méadú a chur ar an mbuiséad, lena n-áirítear atreorú ar chuid bheag de na fóirdheontais dhíreacha breosla iontaise chun forbairt inbhuanaithe a spreagadh agus dlús a chur léi;

23. Á iarraidh ar AE agus ar thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir, agus iad ag tabhairt aghaidh ar an earnáil fuinnimh agus earnálacha ábhartha eile, cur lena n-iarrachtaí i dtacú le nuálaíocht i bhfoinsiú inbhuanaithe amhábhar, dearadh táirge níos fearr, athchúrsáil, athúsáid agus úsáid chascáideach miotail agus ábhair atá ann cheana i gcomhthéacs an gheilleagair chiorclaigh agus coigiltis fuinnimh;

24. Ag cur i dtreis leas AE agus thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir maidir le sainaithint agus comhrac a dhéanamh ar mhaorlathas, éilliú agus cleachtais éagóracha margaidh i bhfianaise a dtionchar diúltach i luathchéimeanna teicneolaíochtaí éabhlóideacha atá ag teacht chun cinn;

25. Ag tabhairt cuireadh do AE agus do thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir méadú a dhéanamh ar na hiarrachtaí tacaíocht a thabhairt don oideachas sna réimsí acadúla a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh agus é a chomhchuibhiú; ag cur i bhfios go bhfuil oideachas fíor-riachtanach don nuálaíocht agus don fhorbairt inbhuanaithe;

26. Ag aithint an gá atá le hoideachas agus scéimeanna rannpháirtíochta córasacha a bheidh deartha chun cur ar chumas an tsochaí a bheith lánpháirteach san athrú ar an gcóras fuinnimh agus saoránaigh idir shean agus óg a chumasú chun bogadh de réir a chéile ó fheasacht agus tuiscint go rannpháirtíocht ghníomhach agus cumhachtú; á iarraidh ar AE agus ar thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir rannpháirtíocht na saoránach i gceisteanna a bhaineann le fuinneamh a chur chun cinn trí fheachtais feasachta, agus trí fhaisnéis chuimsitheach agus inrochtana; ag treisiú an gá atá ann foráil a dhéanamh maidir le bearta athoiliúna ceirde leordhóthanacha chun aistriú atá inghlactha go sóisialta i dtreo geilleagair ísealcharbóin;

27. Ag meas, i limistéir uirbeacha, chomh maith le dícharbónú agus athfheistiú foirgneamh, go bhfuil imní ann maidir le limistéir ghlasa; ag moladh tosaíocht a thabhairt do chur san áireamh limistéir ghlasa ag féachaint do dho-aisathraitheacht a n-imeacht as;

28. Ag creidiúint go bhfuil acmhainneacht ollmhór ag an earnáil iompair agus gur cheart go mbeadh ról tábhachtach aici san aistriú agus ag moladh do AE agus do thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do shoghluaisteacht íseal-astaíochtaí;

***Comhar iltaobhach agus cláir rathúla***

29. Ag cur in iúl gur díol sásaimh dó na hathruithe arna nglacadh ag an Airméin sa dlí maidir le coigiltis fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite agus an plean 30 % de tháirgeacht leictreachais a ghiniúint ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2020; ag cur i dtreis an fhéidearthacht maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh agus i dtéamh a fheabhsú;

30. Ag cur in iúl gur díol sásaimh dó iarrachtaí na hAsarbaiseáine gníomhartha reachtacha nua a ghlacadh chomh maith le leaganacha comhaimseartha a chur in ionad teicneolaíochtaí agus saoráidí; ag tacú go láidir leis na cláir nua atá chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú faoi 2020 agus le bunú na Gníomhaireachta Stát maidir le hAcmhainní Fuinnimh Malartacha agus In-athnuaite a bhfuil sé mar aidhm léi éifeachtúlacht fuinnimh a ailíniú; ag cur i bhfios an gá atá ann institiúid éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus éifeachtúlacht foirgneamh a fheabhsú;

31. Ag tacú le díriú níos mó an rialtais ar éifeachtúlacht fuinnimh, go háirithe maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, sciar fuinnimh in-athnuaite sa meascán fuinnimh a mhéadú agus tomhaltas fuinnimh a laghdú; ag athdhearbhú, áfach, a ghlaoch ar AE agus údaráis na Bealarúise tosaíocht a thabhairt do shábháilteacht Stáisiún Núicléach na Bealarúise in Ostrovets agus a áirithiú go mbeidh dul chun cinn an chaidrimh idir an tAontas agus an Bhealarúis coinníollach ar oscailteacht agus comhar na Bealarúise agus ar lánchomhlíonadh caighdeáin sábháilteachta núicléacha agus comhshaoil idirnáisiúnta;

32. Ag tacú go láidir le tiomantas na Seoirsia in éifeachtúlacht fuinnimh; ag cur in iúl gur díol sásaimh dó a haontachas in 2017 leis an gComhphobal Fuinnimh; ag cur in iúl gur díol sásaimh dó an dianobair atá ar bun d'fhorbairt agus do thabhairt chun críche dréachtdhlíthe maidir le fuinneamh, éifeachtúlacht fuinnimh, lipéadú éifeachtúlachta fuinnimh, feidhmíocht fuinnimh foirgneamh agus fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn, chomh maith le pleananna gníomhaíochta éifeachtúlachta fuinnimh agus fuinnimh in-athnuaite;

33. Ag treisiú a thábhachtaí is atá an nuashonrú ar Straitéis Náisiúnta Fuinnimh 2030 arna glacadh ag Poblacht na Moldóive, in 2017, lena bhfuiltear ag súil déine fuinnimh a laghdú faoi 10 % faoin 2020 agus an tomhaltas fuinnimh i bhfoirgnimh a laghdú faoi 20 % faoi 2020; ag cur in iúl gur díol sásaimh dó cur chun feidhme rathúil an "tionscadail Fuinnimh agus Bithmhais" arna mhaoiniú ag AE, a rannchuidigh leis an méadú ar tháirgeacht acmhainní fuinnimh in-athnuaite; ag treisiú a thábhachtaí is atá glacadh dlí na héifeachtúlachta fuinnimh lena dtrasuitear an Treoir AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh 2012/27/AE; ag cur i bhfios an gá atá ann plean náisiúnta d'fhoirgnimh éifeachtúlachta fuinnimh a fhorbairt, ag cur san áireamh tosca aeráide seachtracha agus inmheánacha;

34. Ag cur in iúl gur díol sásaimh dó aidhm na Seoirsia astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 25 % faoin gcás "gnó mar is gnách" faoi 2030, mar a ranníocaíocht do na "Rannchuidithe Beartaithe arna gCinneadh go Náisiúnta" faoi Chomhaontú Pháras;

35. Ag cur in iúl gur díol sásaimh dó iarrachtaí thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir dírithe ar a bhfoinsí fuinnimh a éagsúla; ag cur in iúl gur díol sásaimh dó an dul chun cinn suntasach atá déanta ag an Úcráin chun déine fuinnimh an-ard a gheilleagair agus a bhonneagair a laghdú, lena n-áirítear an dlí arna ghlacadh san Úcráin maidir leis an gCoimisiún Rialála Náisiúnta um Fuinnimh agus um Fhóntais agus, a chuireann chun cinn cruthú rialtóir neamhspleách i margadh fuinnimh na hÚcráine i gcomhréir le caighdeáin AE; ag cur in iúl gur díol sásaimh dó an dul chun cinn atá déanta ag an Úcráin in éifeachtúlacht fuinnimh, go háirithe i nglacadh an dlí maidir leis an gCiste Éifeachtúlachta Fuinnimh agus reachtaíocht ábhartha eile ag cumasú fheidhmíocht Chiste Éifeachtúlachta Fuinnimh na hÚcráine ó thús 2018, le maoiniú i bpáirt ó AE; ag cur in iúl gur díol sásaimh dó an tús le próiseas an díchuachta, i gcomhréir le Tríú Pacáiste Fuinnimh AE; ag cur in iúl gur díol sásaimh dó glacadh i mí Lúnasa 2017 le Straitéis Fuinnimh nua na hÚcráine go dtí 2035 ("Sábháilteacht, Éifeachtúlacht Fuinnimh, Iomaíochas"), lena sainmhínítear an coimpléasc iomlán athchóirithe ar mhórscála san earnáil fuinnimh, le spriocanna nua d'fhuinnimh in-athnuaite chomh maith leis an sprioc déine fuinnimh an gheilleagair a laghdú faoina leath faoi 2030; ag cur i bhfios go bhfuil gá le tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh ar leibhéal áitiúil, chun tairbhe na gcomhphobal;

36. Ag cur in iúl gur díol sásaimh dó leathnú Chomhpháirtíocht Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Chomhshaoil Oirthear na hEorpa agus *EU4Energy* ar Chomhpháirtithe Oirthir na hEorpa uile a bhfuil sé mar aidhm leis dlús a chur le cur chun feidhme tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh, feabhas a chur ar thimpeallacht reachtach agus rialála agus tacaíocht a thabhairt do chomhar i dtionscadail a bhaineann le bonneagar; ag tabhairt cuireadh eolas a roinnt maidir le ceachtanna agus dea-chleachtais a foghlaimíodh ó na tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh a cuireadh chun feidhme go héifeachtach, amhail an "tionscadail Fuinnimh agus Bithmhais" sa Mholdóiv arna mhaoiniú ag AE agus/nó na bearta a ghlac an tSeoirsia agus an Úcráin dírithe ar éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú in earnálacha cónaithe; ag tacú go láidir le tiomantas Chúnant na Méaraí Oirthir (CoM Oirthear), a thugann le chéile údaráis áitiúla agus réigiúnacha atá ag obair ar spriocanna aeráide agus fuinnimh a chur chun feidhme; ag treisiú a thábhachtaí is atá tionscadail eile arna maoiniú ag AE, amhail an pacáiste tionscadail Clima East, dírithe ar chur ar chumas na bpáirtithe laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach;

37. Ag cur in iúl gur díol sásaimh dó gur rangaíodh an Asarbaiseáin sa 28ú áit ar an Innéacs Domhanda Éifeachtúlachta Fuinnimh de réir an Innéacs um Tháirgiúlacht Fuinnimh agus Rathúnas Eacnamaíoch; ag cur in iúl gur díol sásaimh dó go bhfuil feidhmíocht táirgiúlachta fuinnimh na hAsarbaiseáine ag feabhsú 12.8 % go bliantúil, an ráta feabhsaithe táirgiúlachta fuinnimh is tapúla ar domhan;

38. Ag cur in iúl gur díol sásaimh dó aidhm na hAsairbaiseáine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 30 % ó leibhéil 1990 faoi 2030, mar a ranníocaíocht do na Rannchuidithe Beartaithe arna gCinneadh go Náisiúnta;

39. Ag cur in iúl gur díol sásaimh dó ballraíocht SOCAR i dtionscaimh an Bhainc Dhomhanda "Saor ó Ghnáthbhladhmadh faoi 2030";

40. Á iarraidh ar a Chomh-Uachtaráin an rún seo a chur ar aghaidh chuig Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún, Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, an Coimisinéir um Beartas Comharsanachta na hEorpa agus Caibidlíocht maidir le Méadú, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, agus rialtais agus parlaimintí Bhallstáit an Aontais agus tíortha comhpháirtíochta Oirthear na hEorpa.

**Rún ó Thionól Parlaiminteach *Euronest* maidir le dul i ngleic le saothar neamhfhoirmiúil agus neamhdhearbhaithe agus an tslándáil shóisialta d'fhostaithe san Aontas Eorpach agus i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir a fheabhsú**

(2018/C 343/04)

TÁ TIONÓL PARLAIMINTEACH *EURONEST,*

— ag féachaint don na Comhaontuithe Comhlachais (CCanna) idir an tAontas Eorpach agus an Mholdóiv, an tSeoirsia agus an Úcráin, faoi seach, don Chomhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe (CEPA) leis an Airméin, agus go háirithe do na caibidlí de na comhaontuithe sin maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe agus maidir le fostaíocht, beartas sóisialta agus comhdheiseanna,

— ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, go háirithe ina bhrollach agus Airteagal 3 agus Airteagal 6 de,

— ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe Airteagail 6, 9, 145, 151, 152, 153, 154, 156, 159 agus 168 de,

— ag féachaint don Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint don Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine,

— ag féachaint do Chairt Shóisialta na hEorpa an 3 Bealtaine 1996, go háirithe do Chuid I agus do Chuid II, Airteagal 3 de,

— ag féachaint do Chód Eorpach Slándála Sóisialta 1964 agus do Chód leasaithe 1990,

— ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta ([1]) agus don Choinbhinsiún Eorpach um Shlándáil Shóisialta (ETS Uimh. 078),

— ag féachaint d'fhógairt Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta i mí na Samhna 2017 agus do rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Eanáir 2017 maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta ([2]),.

— ag féachaint do Choinbhinsiúin agus do Mholtaí Uimh. 81, 102, 129, 155, 187, 197, 202 agus 204 ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS), chomh maith lena Chlár Oibre um Obair Chuibhiúil,

— ag féachaint don Dearbhú Comhpháirteach ó Chruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir, 24 Samhain 2017 sa Bhruiséil agus don 20 Sprioc Insoláthartha don bhliain 2020 agus don ollstruchtúr athbhreithnithe a glacadh agus atá i gceangal leis,

A. de bhrí, i gcomhréir le Airteagal 3 de CAE, gur mian leis an Aontas Eorpach oibriú ar son fhorbairt inbhuanaithe na hEorpa, dírithe ar lánfhostaíocht agus dul chun cinn sóisialta, agus leibhéal ard cosanta agus feabhsú ar cháilíocht an chomhshaoil; de bhrí gur fhógair AE Colún Eorpach na gCeart Sóisialta mar fhreagra ar na dúshláin atá ag dul i méid i réimsí na slándála sóisialta agus chosaint shaoránaigh AE; de bhrí gurb ann do *acquis* sóisialta de chuid AE atá bunaithe ar ionstraimí dlí náisiúnta, idirnáisiúnta, agus ionstraimí dlí de chuid AE, go háirithe coinbhinsiúin EIS agus Chomhairle na hEorpa, a chumhdaíonn de ghnáth cearta a bhaineann go bunúsach le conarthaí fostaíochta, dálaí oibre nó le rochtain ar leas;

B. de bhrí go leagtar amach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh cearta atá ábhartha go sonrach d'oibrithe a bhíonn á bogadh laistigh de AE nó isteach ann, go háirithe dínit an duine (Airteagal 1), toirmeasc ar sclábhaíocht agus ar shaothar éignithe (Airteagal 5), an tsaoirse chun slí bheatha a roghnú agus an ceart chun obair a dhéanamh (Airteagal 15), neamh-idirdhealú (Airteagal 21), an ceart chun faisnéise agus comhairliúcháin (Airteagal 27), an ceart chun comhargántaíochta agus chun gníomhaíocht chomhchoiteann (Airteagal 28), an ceart chun rochtain a fháil ar sheirbhís socrúcháin (Airteagal 29), cosaint i gcás ina dtarlaíonn dífhostú neamh-inleithscéil (Airteagal 30), dálaí oibre cothroma agus córa (Airteagal 31), toirmeasc ar leanaí a bheith ag obair agus cosaint daoine óga ag an obair (Airteagal 32), slándáil shóisialta agus cúnamh sóisialta (Airteagal 34), an ceart chun cúram sláinte (Airteagal 35), an ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil (Airteagal 47);

C. de bhrí nach bhfuil aon sásra ceangailteach ann maidir le comhar trasteorann idir na húdaráis ábhartha i mBallstáit AE chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le hobair neamhdhearbhaithe; de bhrí gur bunaíodh an tArdán Eorpach chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe (ardán UDW) i mBealtaine 2016 agus é d'aidhm aige dea-chleachtais agus faisnéis a mhalartú maidir leis an tsaincheist sin agus comhar idir na Ballstáit a spreagadh;

([1]) IO L 166, 30.4.2004, lch. 1.
([2]) Téacsanna a glacadh, P8_TA(2017)0010.

D. de bhrí go bhfuil treoir nua maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha molta ag an gCoimisiún;

E. de bhrí gur thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe;

F. de bhrí gur fhógair an Coimisiún go mbunófaí Údarás Eorpach Saothair chun a chinntiú go gcuirfear rialacha AE maidir le soghluaisteacht oibrithe i bhfeidhm; de bhrí gur fhógair sé freisin go bhfuil sé beartaithe aige Uimhir Shlándála Sóisialaí Eorpach a thabhairt isteach;

G. de bhrí go bhfuil impleachtaí forleathana ag beartas comharsanachta na hEorpa, go háirithe na Limistéir Dhoimhne Chuimsitheacha Shaorthrádála (LDCSanna) leis an tSeoirsia, le Poblacht na Moldóive agus leis an Úcráin, agus ag socruithe taistil gan víosa do mhargadh an tsaothair agus do dhálaí sóisialta fostaithe i mBallstáit AE agus i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir (EaP); de bhrí go bhfuil comhar idir comhlachtaí náisiúnta faireacháin agus forfheidhmithe saothair de dhíth ar ghnó trasteorann chun cur chun feidhme na reachtaíochta atá ann faoi láthair a áirithiú;

H. de bhrí go gcuireann dífhostaíocht, an t-éilliú agus drochrialachas, agus coinbhleachtaí foréigneacha i gcomharsanacht AE iallach ar dhaoine a mbailte a fhágáil agus obair a fháil pé áit is féidir leo, lena n-áirítear ar an gcoigríoch; de bhrí gur mó seans go mbeidh dídeanaithe agus inimircigh ina n-oibrithe neamhdhearbhaithe gan cosaint shóisialta agus gurb iondúil go bhfostaítear iad chun obair nach bhfuil gá le scileanna di a dhéanamh; de bhrí gurb iad dídeanaithe agus imircigh, go háirithe mná, na dreamanna is leochailí i margadh an tsaothair agus sa tsochaí ina hiomláine;

I. de bhrí go raibh tionchar forleathan ag iarmhairtí sóisialta na géarchéime airgeadais agus eacnamaíche domhanda agus ag na próisis chlaochlaithe i mBallstáit AE agus tíortha EaP, ó dhífhostaíocht i measc na n-óg agus dífhostaíocht fhadtéarmach go neamhionannas agus bochtaineacht atá ag dul i méid; de bhrí gurb iad na hiomlaoidí sin, ar fothoradh ar bhearta déine iad go minic, is siocair le hathruithe i gcórais slándála sóisialaí Bhallstáit AE agus na dtíortha comharsanachta as ar tháinig caighdeáin laghdaithe, lena n-áirítear i réimsí an chúraim sláinte agus na bpinsean; de bhrí gur tháinig dírialáil agus léirscaoileadh as leasuithe ar an gcód saothair, ach nár laghdaíodh an geilleagar neamhfhoirmiúil dá mbarr;

J. de bhrí go mbíonn gné thrasteorann ag obair neamhdhearbhaithe go minic; de bhrí go bhféadfadh cineál na hoibre neamhdhearbhaithe a bheith éagsúil ó thír go chéile, ag brath ar an gcomhthéacs eacnamaíoch, riaracháin agus sóisialta; de bhrí go bhfuil an reachtaíocht náisiúnta maidir le hobair neamhdhearbhaithe agus na sainmhínithe a úsáidtear ar an leibhéal náisiúnta éagsúil ó thír go tír; de bhrí gur cheart bearta chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe a chur in oiriúint chun na héagsúlachtaí sin a chur san áireamh;

K. de bhrí gurb í an deis ar obair neamhdhearbhaithe a fháil ceann de na tosca tarraingthe a spreagann inimirce neamhdhlithiúil; de bhrí gur minic a thairgtear obair neamhdhearbhaithe faoi choinníollacha nach bhfuil inghlactha go sóisialta agus a sháraíonn rialacháin sláinte agus sábháilteachta nó comhaontuithe náisiúnta comhchoiteanna do chónaitheoirí a bhfuil stádas neamhrialta nó neamhrialáilte acu, ar daoine iad atá lasmuigh den chóras slándála sóisialta de ghnáth;

L. de bhrí go bhfuil margaí an tsaothair agus sochaithe ag athrú i mBallstáit AE agus i dtíortha EaP araon, agus go bhfuil dúshláin shuntasacha a eascraíonn as an réabhlóid dhigiteach, patrúin oibre atá ag athrú agus forbairtí déimeagrafacha ag cruthú dúshláin agus deiseanna nua do mhargadh an tsaothair;

M. de bhrí, in ainneoin gur coir é trom-dhúshaothrú saothair faoi dhlí AE agus faoi dhlí Bhallstáit AE, gur ann do chásanna ina nglactar le dúshaothrú in earnáil na hoibre baile, mar shampla i róil a bhaineann le glantachán agus aire a thabhairt do leanaí nó do dhaoine aosta;

***Barúlacha Ginearálta***

1. Ag cur i bhfios go láidir gur dúshlán comhpháirteach do Bhallstáit AE agus tíortha EaP iad an comhrac i gcoinne obair neamhdhearbhaithe agus bearta chun slándáil shóisialta a ráthú agus, dá bharr sin, gur cheart iarrachtaí comhpháirteacha agus comhar comhpháirteach a dhéanamh ina leith;

2. Ag aithint gur dúshlán casta agus deacair í an obair neamhdhearbhaithe, go háirithe do thíortha atá buailte ag dálaí socheacnamaíocha deacra ina bhfuil leibhéal ard dífhostaíochta, bochtaineacht fhorleathan agus eisiamh sóisialta, drochthimpeallacht don ghnó agus easpa spás fioscach; ag cur i bhfios go láidir, mar sin féin, go bhfuil iarmhairtí tromchúiseacha ag an obair neamhdhearbhaithe do shochaithe i gcoitinne, lena n-áirítear ioncam a chailleann na húdaráis chánach náisiúnta, go mbaintear an bonn de chistiú agus dáileadh leasa shóisialta, dálaí oibre contúirteacha agus rioscaí córasacha a bhaineann le sáruithe ar chearta bunúsacha oibrithe, easpa ionadaíocht chomhchoiteann agus iomaíocht éagórach idir gnólachtaí; ag cur i dtreis, dá bharr sin, go bhfuil gá le straitéisí náisiúnta atá stuama agus comhtháite agus le comhar idirnáisiúnta chun an t-athrú ón ngeilleagar neamhfhoirmiúil chuig an ngeilleagar foirmiúil a éascú;

3. Ag cur in iúl gur dona leis, dá bharr sin, nár dhírigh beartas Chomhpháirtíocht an Oirthir go nuige seo ar an líon mór fadhbanna a bhaineann le hobair neamhdhearbhaithe, ar an athrú ó gheilleagar agus obair neamhfhoirmiúil go foirmiúil, agus ar shlándáil shóisialta na n-oibrithe;

4. Ag cur in iúl gur díspreagadh i leith obair neamhdhearbhaithe é córas riaracháin phoiblí agus córas breithiúnach ina bhfuil iontaoibh ag na saoránaigh; ag cur i dtreis, dá bharr sin, go bhfuil an smacht reachta, dea-rialachas agus scriosadh iomlán an éillithe ríthábhachtach don athrú ó gheilleagar neamhfhoirmiúil go geilleagar foirmiúil;

5. Ag cur a imní in iúl faoi leibhéal na dífhostaíochta i measc an aosa óig agus líon na ndaoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta nó oiliúna (NEETanna) in AE agus i dtíortha EaP, agus leibhéal na ndaoine óga atá bainteach leis an ngeilleagar dubh; ag cur i bhfios go láidir gurb iad na daoine óga a thabharfaidh oidhreacht chultúrtha, eacnamaíoch agus shóisialta tíre ar aghaidh amach anseo agus gur cheart tosaíocht a dhéanamh anois de chruthú post do dhaoine óga agus de bhearta a spreagann iad siúd atá ag obair go neamhdhearbhaithe chun bogadh isteach sa gheilleagar dearbhaithe; ag áitiú gur cheart do Chreat Airgeadais Ilbhliantúil AE (CAI) agus do chomharba na hIonstraime Eorpaí um Chomharsanacht (ENI) tacaíocht bhreise a thabhairt don fhostaíocht don aos óg sa gheilleagar oifigiúil trí úsáid a bhaint as dea-chleachtais arna bhforbairt faoin Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg;

6. Ag spreagadh forbairt córais trína ndéanfaí cáilíochtaí a fhaightear i dtíortha EaP a aithint in AE;

7. Ag athdhearbhú na tábhachta atá le beartais neamhfhulaingthe i soláthar poiblí agus in iasachtú ag institiúidí idirnáisiúnta airgeadais (an Banc Domhanda, an Chorparáid Airgeadais Idirnáisiúnta, an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha agus an Banc Eorpach Infheistíochta) maidir le hobair neamhdhearbhaithe, lena n-áirítear slabhraí fochonraitheoirí agus soláthair;

***Bearta gearrthéarmacha***

8. Á iarraidh ar Bhallstáit AE agus ar thíortha EaP feasacht phoiblí maidir leis an ngá práinneach atá le bearta a dhéanamh a mhéadú agus níos mó a dhéanamh ina n-iarrachtaí maidir le dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe, lena n-áirítear feachtais feasachta poiblí i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le Ballstáit AE agus le tíortha EaP chun soláthar éifeachtach faisnéise a áirithiú maidir le himpleachtaí na hoibre neamhdhearbhaithe d'oibrithe, do ghnólachtaí agus don tsochaí, agus maidir le cearta oibrithe a eascraíonn as na noirm idirnáisiúnta saothair atá cumhdaithe i gcoinbhinsiúin EIS, lena n-áirítear nósanna imeachta gearáin agus achomhairc; ag cur i bhfios go láidir gur gá feasacht a mhéadú i measc an phobail i gcoitinne gur féidir teacht i dtír go trom ar dhaoine atá ag obair go neamhdhearbhaithe agus neamhfhulaingt ar dhúshaothrú oibrithe den sórt sin, lena n-áirítear dúshaothrú orthu i dteaghlaigh phríobháideacha, a chur chun cinn;

9. Ag moladh do AE agus do thíortha EaP nach bhfuil sé déanta go fóill acu coinbhinsiúin agus moltaí ILO ábhartha a dhaingniú agus a chur chun cinn i gcleachtas, lena n-áirítear Uimh. 94 (Coinbhinsiún maidir le Clásail Saothair i gConarthaí Poiblí), Uimh. 102 (an Coinbhinsiún maidir le Caighdeáin Íosta na Slándála Sóisialta), Uimh. 144 (an Comhairliúchán Trípháirteach), Uimh. 155 (Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair) agus a Phrótacal 2002, Uimh. 167 (an Coinbhinsiún maidir le Sábháilteacht agus Sláinte san Fhoirgníocht), Uimh. 177 (an Coinbhinsiún maidir le hObair sa Bhaile), Uimh. 184 (an Coinbhinsiún maidir le Sábháilteacht agus Sláinte sa Talmhaíocht), Uimh. 187 (an Coinbhinsiún maidir le cur chun cinn an chreata um shábhailteacht agus sláinte cheirde), Uimh. 189 (Oibrithe Tí), Uimh. 202 (an Tionscnamh um Bunchosaint Shóisialta), Uimh. 204 (Aistriú ón ngeilleagar neamhfhoirmiúil chuig geilleagar foirmiúil) agus Uimh. 205 (Fostaíocht Thairbhiúil agus Obair Chuibhiúil le haghaidh na Síochána agus Solúbthachta);

10. Den tuairim gur cheart i bhfad níos mó béime a chur ar chur chun feidhme forálacha a bhaineann leis na caibidlí a bhaineann le "trádáil agus le forbairt inbhuanaithe" agus le "fostaíocht, beartas sóisialta agus comhdheiseanna" de na comhaontuithe déthaobhacha idir AE agus EaP; á iarraidh ar an gCoimisiún faisnéis chuimsitheach a chur ar fáil maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ábhartha sna comhaontuithe comhlachais/LDCSanna leis an Moldóiv, an tSeoirsia, agus an Úcráin i gcomhthéacs na dtuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme, chomh maith le dul chun cinn cur chun feidhme na bhforálacha ábhartha de CEPA idir AE agus an Airméin i ndiaidh a dhaingnithe;

11. Á iarraidh go mbunófaí faoi ollstruchtúr iltaobhach EaP sásra comhair institiúideach chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe; ag moladh go mbunófaí (fo)ardán iltaobhach faoin Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Uilechuimsitheacht a d'fhéadfadh ionchur maidir le gnéithe sóisialta agus oibre a bhaineann le trádáil agus comhar eacnamaíoch a chur ar fáil do chomhlachtaí EaP, lena n-áirítear Ardán 2;

12. Den tuairim go bhféadfaí sásra atá bunaithe ar mhalartú dea-chleachtas agus feabhsú bailiú sonraí de réir shampla ardán UDW a bhunú; ag cur i bhfios gur cheart sásra den sórt sin an creat a chur ar fáil chun na tosca, saintréithe, cúiseanna agus dálaí a mheasúnú a bhaineann le hobair neamhfhoirmiúil agus neamhdhearbhaithe agus drochdhálaí oibre i gcomhthéacs náisiúnta agus trasteorann, agus chun dea-chleachtais a mhalartú ar conas slándáil shóisialta na n-oibrithe a fheabhsú agus conas obair chuibhiúil agus cosaint shóisialta do chách a chur chun cinn;

13. Á iarraidh ar na Ballstáit agus ar thíortha EaP comhaontuithe déthaobhacha maidir le malartú sonraí agus comhar riaracháin i dtaca le hobair trasteorann neamhdhearbhaithe a thabhairt i gcrích; ag cur in iúl go láidir gur gá uirlisí praiticiúla a fhorbairt chun foirmeacha agus líonraí eagraithe oibre neamhdhearbhaithe trasteorainn a chomhrac;

14. Ag cur fáilte roimh ghlacadh Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta; á iarraidh ar Bhallstáit AE agus ar thíortha EaP cainteanna a bheith acu ar a gcéad chruinniú ardleibhéil eile maidir leis an mbeartas i dtaobh Chomhpháirtíocht an Oirthir a oiriúnú i bhfianaise Cholún Eorpach agus comhchreat a fhorbairt chun anailís a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil ag éirí le cur chun feidhme na gceart sóisialta bunúsach, ag baint feidhm as na 20 prionsabal de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus an táscaire sóisialta mar thagairt, agus an sprioc fhadtéarmach ann go gcomhlíonfadh tíortha EaP na 20 prionsabal sin;

15. Den tuairim go bhféadfadh ardán UDW a bunaíodh rannchuidiú le comhar méadaithe, ag tabhairt saineolaithe as AE agus as tíortha EaP le chéile; á iarraidh ar AE machnamh a dhéanamh ar shásra a d'fhéadfadh a chur ar cumas tíortha nach Ballstáit iad páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí Ardán UDW agus tairbhe a bhaint astu;

16. Á iarraidh go mbeadh na cláir fostaíochta agus na cláir um chur chun cinn oibre cuibhiúla;

17. Ag cur i dtreis go láidir go n-imríonn cigireacht saothair ról tábhachtach i gcosaint chearta na n-oibrithe, lena n-áirithítear sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre, lena gcomhraictear timpeallachtaí oibre neamhshábháilte, lena gcuirtear cosc ar sháruithe ar rialacha cosanta fostaíochta agus lena gcuirtear fás eacnamaíoch atá cóir agus freagrach go sóisialta, a mhéid a chabhraíonn sé chun a áirithiú go n-íoctar tuarastail i ndáiríre agus go n-íoctar ranníocaíochtaí slándála sóisialta, agus dá bharr sin déantar ioncam cánach agus sreabhadh isteach airgid do chórais slándála sóisialta a mhéadú agus áirithítear go gcumhdaítear fostaithe i gcás breoiteachta, timpistí san ionad oibre agus pinsean; ag cur in iúl gur údar imní dó é gur lagaíodh na húdaráis cigireachta saothair nó gur cuireadh deireadh leo mar thoradh ar bhearta déine agus ar phróisis aistrithe; á iarraidh, go háirithe, ar thíortha EaP an iomlaoid sin a chur ina ceart agus cistiú, foirne agus oiliúint leordhóthanach a chur ar fáil do na húdaráis náisiúnta cigireachta saothair; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le hoiliúint trasteorann agus cineálacha eile comhair idir na húdaráis náisiúnta cigireachta saothair;

18. Ag tabhairt dá aird an ról tábhachtach a imríonn comhpháirtithe sóisialta ina lán Ballstát de chuid AE maidir le hobair neamhdhearbhaithe a chomhrac; ag cur i dtreis go láidir gur gá idirphlé sóisialta agus comhairliúchán le comhpháirtithe sóisialta i dtíortha EaP a chur ar bun chun ról a thabhairt dóibh i bhfeabhas a chur ar dhálaí oibre, caighdeáin saothair agus cosaint shóisialta;

19. Ag comhairliú d'údaráis náisiúnta i mBallstáit AE comhghuaillíochtaí náisiúnta intíre i gcoinne obair neamhdhearbhaithe sna réimsí is mó atá buailte, amhail tógáil, iompar, turasóireacht agus talmhaíocht, a spreagadh;

20. Ag cur i dtreis go bhfuil ról tábhachtach ag na ceardchumainn maidir le hobair neamhdhearbhaithe a chomhrac agus oibrithe neamhdhearbhaithe a chosaint, mar is iad na ceardchumainn na chéad chomhlachtaí de ghnáth a fhaigheann eolas maidir le dálaí achrannacha, calaoiseacha, éagóracha nó neamhdhleathacha; ag tabhairt dá aire na ndeacrachtaí a bhíonn le sárú ag ceardchumainn i dtíortha EaP, ó shrianta ar an tsaoirse comhlachais agus tionóil go bacainní a bhaineann le comhphlé sóisialta a chur chun cinn; á iarraidh ar Bhallstáit AE agus ar thíortha EaP na dálaí a bhfuil gá leo a chur ar fáil le gur féidir le ceardchumann gníomhú, agus á iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach leanúint de thacaíocht a thabhairt dóibh;

21. Ag moladh don lucht gnó in AE agus i dtíortha EaP a fhreagracht shóisialta chorparáideach a ghlacadh chuige féin chun obair neamhdhearbhaithe a chomhrac, lena n-áirítear i slabhraí soláthair; ag cur i gcuimhne dó go gcruthaíonn obair neamhdhearbhaithe iomaíocht éagórach sa mhargadh;

22. Ag cur fáilte roimh bhunú Mheitheal Oibre 5 ar bheartais shóisialta agus saothair agus idirphlé sóisialta laistigh d'Fhóram na Sochaí Sibhialta san Oirthear; ag moladh sé gur cheart don mheitheal oibre sin rannchuidiú leis an bplé leanúnach faoi obair neamhdhearbhaithe a chomhrac trína rannchuidithe féin maidir le ról na sochaí sibhialta;

23. Á iarraidh ar AE cuid den chúnamh a sholáthraítear do thíortha EaP, a chuirfear i bhfeidhm faoi ionstraimí airgeadais CAI iar-2020, a dhíriú ar an tacar casta saincheisteanna sin, lena n-áirítear tacaíocht d'fhorbairt institiúideach na gcóras iniúchta saothair, agus an t-idirphlé sóisialta agus acmhainneacht na gcomhpháirtithe sóisialta a neartú, lena n-áirítear ar leibhéal na hearnála, chomh maith le hidirphlé sibhialta agus an obair a dhéanann eagraíocht na sochaí sibhialta i gcoitinne;

***Bearta fadtéarmacha***

24. Ag cur i dtreis go láidir gur cheart an t-aistriú ón ngeilleagar neamhfhoirmiúil chuig geilleagar foirmiúil a bheith mar chuid de straitéis fhadtéarmach níos leithne chun cruthú post struchtúrtha a mhéadú, cáilíocht post a fheabhsú agus rochtain ar thacaíocht fostaíochta a fheabhsú, comhrac i gcoinne dheighilt an lucht saothair, an t-éilliú a chomhrac, ranníocaíochtaí fioscacha agus sóisialta a dhaingniú, clúdach árachais shóisialta atá cuimsitheach a fhorbairt nó a mhéadú agus urláir cosanta sóisialta uilíocha a áirithiú i gcomhréir le Moladh Uimh. 202 ó EIS;

25. Ag cur i dtreis go láidir go léiríonn an taithí a fuarthas, má thugtar cumhacht d'údaráis an reachtaíocht atá ann cheana a fhorfheidhmiú agus má chuirtear dreasachtaí ar fáil, amhail faoiseamh ó cháin ioncaim agus scéimeanna fóirdheontais atá dírithe ar phoist a thabhairt chun rialtachta, go mbeifear in ann obair neamhdhearbhaithe a iompú ina hobair dhearbhaithe; á iarraidh ar Bhallstáit AE agus ar thíortha EaP treochlár fadtéarmach le tagarmharcanna infhíoraithe a fhorbairt;

26. Ag moladh do thíortha EaP cumais náisiúnta a fhorbairt chun obair neamhdhearbhaithe a chosc agus chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe i gcomhar le rannpháirteachas leathan geallsealbhóirí, lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha;

27. Ag cur i dtreis go láidir gur féidir sochair na hoibre neamhdhearbhaithe a laghdú go héifeachtach trí chórais chánacha trédhearcacha agus córais chosanta sóisialta phoiblí atá inrochtana agus mealltach a fhorbairt; á iarraidh ar Ballstáit AE agus ar thíortha EaP straitéisí náisiúnta a fhorbairt a bheadh dírithe ar chórais chuimsitheacha slándála sóisialta a bhaint amach i gcomhréir le Moladh Uimh. 202 maidir le hurláir cosanta sóisialta ó EIS agus i gcomhréir le Coinbhinsiún Uimh. 102 maidir le slándáil shóisialta, d'fhonn cumhdach a leathnú chuig an daonra neamhurraithe sa gheilleagar neamhfhoirmiúil agus chun aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar shaincheist na hoibre neamhdhearbhaithe;

28. Ag moladh do Bhallstáit AE agus do thíortha EaP comhaontuithe déthaobhacha a thabhairt i gcrích, go háirithe i gcás na dtíortha sin a bhfuil treocht maidir le sreafaí eisimirce agus inimirce ag tarlú iontu ar rud é a chruthaíonn obair neamhdhearbhaithe i ndeireadh na dála;

29. Á iarraidh ar na Ballstáit agus tíortha EaP creat coiteann i gcomhair comhordú slándála sóisialta a fhorbairt, chun teidlíochtaí slándála sóisialta na n-oibrithe taistil a chosaint;

30. Á threorú dá Chomh-Uachtaráin an rún seo a chur ar aghaidh chuig Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig an Leas-Uachtarán de chuid an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, chuig an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir.

**Rún ó Thionól Parlaiminteach Euronest maidir leis na príosúnaigh pholaitiúla ón Úcráin sa Rúis, go sonrach Oleg Sentsov**

(2018/C 343/05)

TÁ TIONÓL PARLAIMINTEACH *EURONEST*,

— ag féachaint do na rúin a bhí ann roimhe ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an Rúis, go háirithe rún an 14 Meitheamh 2018 maidir leis an Rúis, go sonrach cás an phríosúnaigh pholaitiúil Oleg Sentsov, agus rún an 16 Márta 2017 maidir leis na príosúnaigh Úcránacha sa Rúis agus an staid sa Chrimé,

— ag féachaint do ráiteas an 25 Bealtaine 2018 ó urlabhraí na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), maidir le cásanna roinnt príosúnach ó chríocha na Crimé agus Sevastopol, ar críocha iad arna n-ionghabháil go neamhdhleathach,

— ag féachaint do mhalartú tuairimí maidir leis an Rúis i gComhairle Gnóthaí Eachtracha an 16 Aibreán 2018,

— ag féachaint d'Airteagal 5 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus d'Airteagal 7 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, ina bhfuil Cónaidhm na Rúise ina páirtí don dá cheann acu agus a léiríonn nár cheart céasadh nó pionós cruálach, mídhaonna nó táireach a dhéanamh ar aon duine,

— ag féachaint do Choinbhinsiún na Ginéive maidir le Cosaint Daoine Sibhialta in Aimsir Chogaidh,

A. de bhrí go bhfuil níos mó ná 70 príosúnach polaitíochta sa Rúis agus sa Chrimé faoi fhorghabháil;

B. de bhrí gur gabhadh Oleg Sentsov, scannánóir ón Úcráin a bhí i gcoinne na ionghabháil neamhdhleathach Leithinis na Críme ag an Rúis, i Mí na Bealtaine 2014 maidir le gníomhaíochtaí líomhnaithe a rinneadh sa Chríme; de bhrí gur déileáladh leis mar shaoránach Rúiseach cé go bhfuil saoránacht na hÚcráine aige;

C. de bhrí go bhfuil bagairtí imeaglú agus gabhálacha, déanta ar chosantóirí chearta an duine agus ar ghníomhaithe na sochaí sibhialta, go háirithe Tataraigh na Crimé;

D. de bhrí go bhfuil dálaí mídhaonna ag go leor de na príosúnaigh agus na cimí sna príosúin, rud a chuireann a sláinte fhisiciúil agus shíceolaíoch i mbaol; de bhrí go bhfuil príosúnaigh ann a bhfuil cúram liachta agus cóir leighis phráinneach ag teastáil uathu;

1. Ag éileamh go ndéanfaidh údaráis na Rúise Oleg Sentsov, chomh maith leis na saoránaigh ón Úcráin ar fad atá coinnithe go neamhdhleathach sa Rúis agus sa Chrimé, a scaoileadh láithreach agus gan choinníoll; ag meabhrú go bhfuil níos mó ná 70 ([1]) príosúnach polaitiúil ón Úcráin sa Rúis agus sa Chrimé faoi fhorghabháil faoi láthair;

2. Ag cáineadh gur gearradh téarma príosúin 10 mbliana ar Oleksandr Kolchenko, daoránach eile sa chás;

3. Á thabhairt dá aire go bhfuil saoránach eile den Úcráin atá coinnithe ann go neamhdhleathach darb ainm Volodymyr Balukh ar stailc ocrais ón 19 Márta;

4. Ag cur in iúl an imní mhór atá air go bhfuil céasadh tromchúiseach déanta ar go leor de phríosúnaigh pholaitiúla na hÚcráine amhail Mykola Karpiyuk, Volodymyr Prisich, Oleksiy Chyrniy agus Yevhen Panov;

5. Ag cur i dtreis go bhfuil gá le déileáil leis na príosúnaigh ar fad i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta agus gur cheart rochtain ar dhlíodóir, ar a gcuid teaghlach, ar ionadaithe taidhleoireachta agus ar chóir leighis a bheith ar fáil dóibh;

6. Ag cur i dtreis go bhfuil údaráis na Rúise, ina gcáil de facto mar chumhacht fhorghabhála a fheidhmíonn rialú éifeachtach ar an gCrimé, go hiomlán freagrach as saoránaigh na Crimé a chosaint ó bhearta treallacha breithiúnacha nó riaracháin, agus go bhfuil siad faoi cheangal dlí dhaonnúil idirnáisiúnta sa cháil chéanna chun cosaint chearta an duine sa Chrimé a áirithiú;

([1]) Áirítear sa liosta neamh-uileghabhálach: Teimur Abdullaiev, Uzeir Abdullaiev, Taliat Abdurakhmanov, Rustem Abiltarov, Zevri Abseitov, Muslim Aliiev, Refat Alimov, Kiazim Ametov, Ernes Ametov, Ali Asanov, Marlen Asanov, Volodymyr Balukh, Ali Bariev, Enver Bekirov, Memet Belialov, Oleksii Bessarabov, Rustem Vaitov, Resul Velilyaev, Valentyn Vygovskii, Pavlo Hryb, Mykola Dadeu, Konstatin Davydenko, Bekir Dehermendzhi, Mustafa Dehermendzhi, Emil Dzhemadenov, Arsen Dzhepparov, Dmitrii Dolgopolov, Volodymyr Dudka, Andriy Zakhtei, Ruslan Zeitullaiev, Server Zekiriaiev, Timur Ibragimov, Rustem Ismailov, Yevgenii Karakashev, Mykola Karpiuk, Stanislav Klykh, Andriy Kolomiiets, Oleksandr Kolchenko, Oleksandr Kostenko, Emir-Usein Kuku, Hennadii Limeshko, Serhii Litvinov, Enver Mamutov, Nariman Memedeminov, Remzi Memetov, Emil Minasov, Igor Movenko, Seiran Muradosilov, Seiran Mustafaiev, Server Mustafaiev, Yevhen Panov, Nuri Primov, Volodymyr Prisich, Ismail Ramazanov, Fevzi Sagandzhi, Ferat Saifullaiev, Aider Saledinov, Seiran Saliiev, Enver Seitosmanov, Oleg Sentsov, Oleksii Sizonovich, Vadym Siruk, Edem Smailov, Oleksandr Steshenko, Oleksii Stohniy, Renat Suleimanov, Anna Sukhonosova, Roman Sushchenko, Roman Temovsky, Ruslan Ametov, Asan Chapukh, Oleksii Chimii, Hlib Shablii, Mykola Shiptur, Dmytro Shtyblikov, Oleksandr Shumkov, Viktor Shur.

7. Ag cáineadh sáruithe na Rúise ar dhlí idirnáisiúnta sa Chrimé faoi fhorghabháil, lena n-áirítear forfheidhmiú reachtaíochta na Rúise, míleatú dian na Críme, rud a dhéanann bagairt ar an tslándáil réigiúnach, agus sáruithe ollmhóra agus córasacha ar chearta an duine sa Chrimé, i gcoinne Úcránaigh eithneacha agus Thataraigh na Crimé go príomha;

8. Ag áitiú ar an Rúis a áirithiú go mbeadh rochtain gan choinníoll agus gan bhac ag breathnóirí agus misin faireacháin chearta an duine; ag iarraidh ar eagraíochtaí idirnáisiúnta, amhail na Náisiúin Aontaithe, An Chomhairle Eorpach agus an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip, faireachán níos dlúithe a dhéanamh ar staid chearta an duine sa Chrimé agus chun bearta cuí a ghlacadh;

9. Ag iarraidh ar an gComhairle agus ar na Ballstáit fanacht docht agus aontaithe ina dtiomantas do na smachtbhannaí comhaontaithe i gcoinne na Rúise agus chun na smachtbhannaí sin a fhadú agus smaoineamh ar bhearta spriocdhírithe i gcoinne na ndaoine atá freagrach as coinneáil agus triail príosúnach polaitiúil;

10. Ag cur i dtreis a thábhachtaí atá sé breathnóireacht a bheith á déanamh ag Toscaireacht an Aontais Eorpaigh don Rúis agus d'Ambasáidí Bhallstáit AE ar thrialacha cosantóirí chearta an duine;

11. Ag iarraidh ar Leas-Uachtaráin an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ar SEGS an athuair chun a áirithiú go mbeidh cásanna uile na ndaoine a ionchúisítear ar chúiseanna polaitiúla tarraingthe suas i gcomhairliúcháin idir an tAontas Eorpach agus an Rúis, nuair a thosóidh siad arís, agus go n-iarrfar ar ionadaithe na Rúise sna comhairliúcháin sin freagairt go foirmiúil i ngach cás agus tuairisciú ar ais chuig an bParlaimint maidir lena malartuithe le húdaráis na Rúise;

12. Ag iarraidh ar an Aontas Eorpach ráiteas a dhéanamh chun sáruithe ar chearta an duine sa Rúis a cháineadh agus an iarracht chun iad a cheilt faoi chlúdach Chorn Dhomhanda FIFA;

13. Ag treorú dá Chathaoirligh an rún seo a chur ar aghaidh chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Comhpháirtíocht an Oirthir, chuig An Chomhairle Eorpach, chuig an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip agus chuig Uachtarán, Rialtas agus Parlaimint Chónaidhm na Rúise.

**Rún ó Thionól Parlaiminteach *Euronest* maidir le dlús a chur le Comhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit de pháirt amháin, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile a dhaingniú i bparlaimintí náisiúnta an Aontais Eorpaigh**

(2018/C 343/06)

TÁ TIONÓL PARLAIMINTEACH *EURONEST*,

— ag féachaint do Ghníomh Bunaitheach Thionól Parlaiminteach *Euronest* an 3 Bealtaine 2011,

— ag féachaint don Dearbhú Comhpháirteach ó Chruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir an 24 Samhain 2017 sa Bhruiséil, agus dá dearbhuithe roimhe sin,

— ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe (CEPA) idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach d'Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit de pháirt amháin, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile

— ag féachaint do Thosaíochtaí Comhpháirtíochta AE-na hAirméine arna síniú an 21 Feabhra 2018 sa Bhruiséil,

— ag féachaint do theachtaireacht ó Bhiúró Thionól Parlaiminteach na hEorpa do Chruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir an 24 Samhain 2017,

— ag féachaint do dhoiciméad inmheánach oibre comhpháirteach an 9 Meitheamh 2017 dar teideal “Comhpháirtíocht an Oirthir — 20 sprioc insoláthartha don bhliain 2020: Ag díriú ar phríomhthosaíochtaí agus torthaí nithiúla” (SWD(2017)0300),

A. de bhrí, tríd an Dearbhú Comhpháirteach ó Chruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir an 24 Samhain 2017 sa Bhruiséil, gur chuir rannpháirtithe an Chruinniú Mullaigh fáilte roimh shíniú CEPA idir an tAontas Eorpach agus an Airméin ar imeall an Chruinniú Mullaigh;

B. de bhrí go ndearna síniú CEPA idir an tAontas Eorpach agus an Airméin, ar imeall Cruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir sa Bhruiséil an 24 Samhain 2017, oibriú níos dlúithe a chumasú idir an tAontas Eorpach agus an Airméin chun dul i ngleic leis na dúshláin atá ann cheana.

C. de bhrí gur athdhearbhaigh an Airméin a tiomantas don chomhpháirtíocht straitéiseach agus uaillmhianach sin leis an Aontas Eorpach, atá bunaithe ar luachanna coiteanna, leasanna frithpháirteacha agus tuiscint fhrithpháirteach, úinéireacht agus freagracht chomhroinnte, difreáil agus cuntasacht fhrithpháirteach, agus a thugann tíortha comhpháirtíochta Oirthear na hEorpa níos gaire don Aontas Eorpach;

D. de bhrí gur dhaingnigh Tionól Náisiúnta Phoblacht na hAirméine an Comhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe idir AE agus an Airméin in 2018 d'aon toil,

E. de bhrí go bhfuil an Comhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe idir AE agus an Airméin daingnithe cheana ag parlaimintí náisiúnta ó Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine agus Phoblacht na Bulgáire;

Tá Tionól Parlaiminteach *Euronest*,

1. ag áitiú do pharlaimintí náisiúnta Bhallstáit uile AE Comhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe a dhaingniú idir AE agus an Airméin gan moill mhíchuí;

2. ag cur fáilte roimh thacaíocht an Choimisiúin Eorpaigh, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha/Leas-Uachtaráin an Choimisiúin agus Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir le CEPA a dhaingniú i bparlaimintí náisiúnta an Aontais, agus ag súil go ndéanfar tuilleadh iarrachtaí ina leith sin;

3. ag iarraidh ar pháirtithe polaitiúla san Aontas Eorpach rannchuidiú leis an bpróiseas bailchríoch a chur ar na nósanna imeachta maidir le daingniú CEPA i bparlaimintí náisiúnta a dtíortha féin.

**Rún ó Thionól Parlaiminteach *Euronest* maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil AE tar éis 2020 agus samhail Chomhpháirtíocht an Oirthir+ a fhorbairt**

(2018/C 343/07)

TÁ TIONÓL PARLAIMINTEACH *EURONEST*,

— ag féachaint do Ghníomh Bunaíochta Thionól Parlaiminteach *Euronest* an 3 Bealtaine 2011,

— ag féachaint do na trí Chomhaontú Comhlachais idir AE agus an tSeoirsia, an Úcráin agus an Mholdóiv, comhaontuithe lenar cuireadh tús le tréimhse nua ó thaobh cáilíochta de maidir leis an gcaidreamh idir na tíortha comhlachais agus AE agus lena gcuirtear bonn láidir ar fáil d'fhorbairt comhpháirtíochtaí de réir a chéile eatarthu,

— ag féachaint don Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála AE a glacadh in 2016, agus don Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir lena cur chun feidhme (le hathbhreithniú ag an gComhairle Gnóthaí Eachtracha an 25 Meitheamh 2018) agus don mholadh ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Samhain 2017 don Chomhairle, don Choimisiún agus do SEGS maidir le Comhpháirtíocht an Oirthir, roimh chruinniú mullaigh mhí na Samhna 2017,

— ag féachaint do na teachtaireachtaí ón gCoimisiún agus ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) maidir le Beartas Comharsanachta na hEorpa (BCE), agus do na conclúidí ón gComhairle Gnóthaí Eachtracha maidir le BCE agus Comhpháirtíocht an Oirthir,

— ag féachaint don Ráiteas Comhpháirteach ó Pharlaimintí na Seoirsia, na Moldóive, na hÚcráine, don *Communiqué* Comhpháirteach ó chathaoirligh na gcoistí maidir le lánpháirtiú Eorpach Pharlaimintí na Seoirsia, na Moldóive agus na hÚcráine, agus do Dhearbhú Comhpháirteach Kyiv ó Uachtaráin Pharlaimintí na Seoirse, na Moldóive agus na hÚcráine maidir leis an rún tionól idirpharlaiminteach a chruthú,

A. de bhrí go bhfuil tacaíocht an Aontais ríthábhachtach do chumas na gcomhpháirtithe comhlachais maidir lena gcláir oibre uaillmhianacha um athchóiriú a chur chun feidhme i gcomhréir leis na Comhaontuithe Comhlachais ábhartha;

B. de bhrí gur rannchuidigh cúnamh láidir airgeadais agus teicniúil an Aontais do na tíortha comhlachais le hinstitiúidí daonlathacha a bhunú, leis an smacht reatha agus urraim do chearta an duine a áirithiú, le geilleagar margaidh agus timpeallacht ghnó iomaíoch a fhorbairt, le beartais earnálacha a thabhairt i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha, agus le naisc láidre polaitiúla agus eacnamaíocha a fhorbairt le AE;

C. de bhrí, i bhfianaise a chumhachta seasmhaí tarraingthe — a léirítear sa Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála AE — nach mór go leanfadh AE de bheith ag feidhmiú mar phol imtharraingte do na tíortha comhlachais;

D. de bhrí go bhfuil neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na dtíortha comhlachais faoi bhagairt coinbhleachtaí réigiúnacha gan réiteach a spreag an Rúis;

E. de bhrí gur bagairt ar shlándáil, ar chobhsaíocht agus ar fhorbairt na dtíortha comhlachais agus mhór-roinn na hEorpa ar fad é beartas ionsaitheach na Rúise maidir leis na tíortha comhlachais, atá dírithe go háirithe ar ionsaitheacht, forghabháil, ionghabáil agus scarúnaithe a mhaoiniú agus a armáil;

1. Ag éileamh iarrachtaí aontaithe chun na coinbhleachtaí fadtréimhseacha sna tíortha comhlachais a réiteach go síochánta, trí rannpháirtíocht móreagraíochtaí idirnáisiúnta amhail na Náisiúin Aontaithe, ESCE agus An Chomhairle Eorpach;

2. Ag cáineadh na sáruithe ar chearta an duine agus ar shaoirsí bunúsacha i gcríocha na dtíortha comhlachais atá faoi fhorghabháil na Rúise;

3. Ag athdhearbhú a thacaíochta láidre do cheannasacht agus d'iomláine chríochach thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir laistigh dá dteorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta;

4. Ag cur i dtreis go bhfuil gá le habhcóideacht phráinneach agus le tacaíocht dhlíthiúil agus airgeadais do na tíortha comhlachais chun cás na ndaoine easáitithe ina dtír féin a réiteach;

5. Á iarraidh go gcuirfí feabhas, i gcás inarb iomchuí, ar an idirphlé slándála idir an tAontas Eorpach agus Comhpháirtithe an Oirthir agus ar chomhar i réimse an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta;

6. Ag cur fáilte roimh an 20 sprioc insoláthartha don bhliain 2020, mar aon leis na príomhréimsí tosaíochta lena n-áirítear: forbairt eacnamaíoch agus deiseanna margaidh; institiúidí agus dea-rialachas a neartú; nascacht, éifeachtúlacht fuinnimh, an comhshaol agus an t-athrú aeráide; agus soghluaisteacht agus teagmhail duine le duine;

7. Ag cur fáilte roimh thuilleadh forbartha ar choincheap "Chomhpháirtíocht an Oirthir+", atá bunaithe ar chomhtháthú earnálach idir AE agus Comhpháirtithe an Oirthir a neartú;

8. Ag tacú leis an dearcadh maidir le comhlachú na Seoirse, na Moldóive agus na hÚcráine le limistéar Schengen agus a lánpháirtiú in aontas custaim, aontas fuinnimh agus margadh aonair digiteach AE;

9. Den tuairim gur cheart go léireofaí go sainráite sa CAI nua an tosaíocht straitéiseach maidir le tacú le comhpháirtithe Chomhpháirtíocht an Oirthir ina mbealach i dtreo lánpháirtiú AE, agus gur gné chinnitheach é an stádas speisialta atá ag na stáit atá taobh le AE nach mór a admháil sa CAI;

10. Den tuairim go gcuirfeadh cumasc na hIonstraime traidisiúnta Eorpaí um Chomharsanacht (IEC) le hionstraimí cistithe eile, a ceapadh do réigiúin éagsúla, comhartha atá mícheart agus dochrach ó thaobh na polaitíochta de chuig tíortha eile, go háirithe na comhpháirtithe comhlachais, agus bhainfí an chiall as gur léiriú é go bhfuil níos lú suim pholaitiúil ag AE i réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir;

11. Ag moladh go gcoinneofaí prionsabal na difreála agus an prionsabal maidir le "tuilleann breis tuilleadh", chun iarrachtaí athchóirithe na gcomhpháirtithe a spreagadh, ag tabhairt dá haire go bhféadfadh cumasc na n-ionstraimí seachtracha ar fad in aon ionstraim amháin dúshlán an chur chuige feidhmíochtbhunaithe a thabhairt agus an bhéim a bhogadh ó thíortha a fheidhmíonn níos fearr go dtí tíortha a bhfuil dúshláin níos mó acu;

12. Ag áitiú ar institiúidí AE IEC a choinneáil mar ionstraim mhaoinithe ar leithligh atá saincheaptha do Chomharsanacht AE, chun aghaidh a thabhairt ar bhealach éifeachtach ar na tosaíochtaí, na riachtanais agus na dúshláin atá ann cheana atá ag na tíortha comhlachais agus slándáil agus cobhsaíocht an réigiúin agus an Aontais Eorpaigh a áirithiú, chomh maith le inbhuanaitheacht agus comhsheasmhacht chúnamh AE a áirithiú.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA